

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 19



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

20 Eanáir 2023

Clár

I Gníomhartha reachtacha

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/136 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaí atá bunaithe san Aontas ⁽¹⁾ 1

II Gníomhartha neamhreachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2 ⁽¹⁾ 5
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsíú agus lena n-athúsáid ⁽¹⁾ 43
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/139 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ 76
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/140 ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2023 lena leasaítear den 332ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIII (Da'esh) agus Al-Qaida 92

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil i dteideal i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teideal na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/141 ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc ⁽¹⁾..... 94

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/142 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus inniúil chun feidhmiú mar shaineolaithe a bhunú, agus le rialacha nós imeachta an phainéil saineolaithe a ghlacadh 134

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh Uimh. 1/2022 ó Choiste um Iompar Intíre an Chomhphobail/na hEilvéise an 21 Nollaig 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, agus Cinneadh Uimh. 2/2019 ón gCoiste [2023/143] 144

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2023/136 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Eanáir 2023

lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaí atá bunaithe san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSA) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) ag feidhmiú ó bhí 2019 ann a mhéid a bhaineann le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí, agus tá sé beartaithe a bheith ina hionstraim mhargadhbhunaithe a chuirtear i bhfeidhm go domhanda arb é is aidhm di astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ón eitlíocht idirnáisiúnta os cionn leibhéal astaíochtaí socraithe a fhritháireamh ón 1 Eanáir 2021 le creidmheasanna Fritháirithe áirithe.
- (2) Tháinig Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) ⁽⁴⁾, i bhfeidhm i mí na Samhna 2016. D'aontaigh na Páirtithe ann an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta. Treisíodh an gealltanais sin le glacadh Chomhshocrú Aeráide Ghlaschú i mí na Samhna 2021, inar aithin Comhdháil na bPáirtithe go mbeadh tionchair an athraithe aeráide i bhfad níos ísle ag méadú teochta 1,5 °C, i gcomparáid le 2 °C, agus bhí rún daingean aici a dícheall a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1,5 °C.

⁽¹⁾ IO C 105, 4.3.2022, lch. 140.

⁽²⁾ IO C 301, 5.8.2022, lch. 116.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2022.

⁽⁴⁾ IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

- (3) Faoi réir na ndifríochtaí idir reachtaíocht an Aontais agus na forálacha sa Chéad Eagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Sibhialta Idirnáisiúnta — An Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta, lena mbunaítear na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint Comhshaoil le haghaidh CORSIA (SARPanna CORSIA), agus ar tugadh fógra ina leith do ICAO tar éis Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle ⁽⁵⁾ a ghlacadh, agus faoi réir an bhealaigh ina leasaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle reachtaíocht an Aontais, tá sé beartaithe ag an Aontas CORSIA a chur chun feidhme trí Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (4) Glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾ chun rialacha CORSIA maidir le faireachán, tuairiscíú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí eitlíochta a chur chun feidhme go hiomchuí. Ríomhtar an fritháireamh de réir bhrí SARPanna CORSIA ar bhonn na n-astaíochtaí CO₂ arna bhfíorú i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin.
- (5) Mar gheall ar an laghdú mór a tháinig ar astaíochtaí eitlíochta in 2020 de bharr phaindéim COVID-19, chinn Comhairle ICAO ag an 220ú seisiún dá cuid i mí an Mheithimh 2020 gur cheart astaíochtaí 2019 a úsáid mar bhonnlíne chun an fritháireamh atá le déanamh ag oibreoirí aerárthaí le haghaidh na mblianta 2021 go 2023 a ríomh. Formhuiníodh an cinneadh sin ag an 41ú Tionól de ICAO i mí Dheireadh Fómhair 2022.
- (6) In 2021, níor sháraigh astaíochtaí eitlíochta na leibhéil chomhchoiteanna a bhí acu in 2019. An 31 Deireadh Fómhair 2022, chinn ICAO go bhfuil an Fachtóir Fáis Earnála (FFE) le haghaidh astaíochtaí 2021 cothrom le nialas. Is paraiméadar de mhodheolaíocht CORSIA é FFE a úsáidtear chun ceanglais bhliantúla fritháirithe na n-oibreoirí a ríomh. Dá bhrí sin, tá fritháireamh breise na n-oibreoirí aerárthaí le haghaidh na bliana 2021 le bheith cothrom le nialas.
- (7) Ba cheart do na Ballstáit CORSIA a chur chun feidhme trí fhógra a thabhairt d'oibreoirí aerárthaí a bhfuil deimhniú aeroibreora acu a d'eisigh Ballstát agus d'oibreoirí aerárthaí atá cláraithe i mBallstát faoi fhritháireamh na n-oibreoirí aerárthaí sin i leith na bliana 2021 faoin 30 Samhain 2022.
- (8) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Chinnidh seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (9) Tá sé tábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na húdaráis náisiúnta agus d'oibreoirí aerárthaí maidir le fritháireamh CORSIA le haghaidh na bliana 2021, agus sin a dhéanamh a luaithe is féidir in 2022. Ba cheart, dá réir sin, an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm gan mhoill.
- (10) Gan dochar do ghlacadh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc laghdaithe astaíochtaí an Aontais ar fud an gheilleagair, agus lena gcuirtear chun feidhme go hiomchuí beart domhanda margadhbhunaithe, tá sé beartaithe nach mbeidh an Cinneadh seo ach ina bheart sealadach nach mbeidh feidhm leis ach go dtí go rachaidh tréimhse trasuímh na Treorach sin in éag. I gcás nach mbeidh an tréimhse trasuímh imithe in éag faoin 30 Samhain 2023 agus ina gcinneann ICAO go bhfuil FFE le haghaidh astaíochtaí 2022 cothrom le nialas, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt d'oibreoirí aerárthaí go bhfuil a gceanglais fritháirithe i ndáil leis an mbliain 2022 cothrom le nialas. Mura bhfuil FFE do astaíochtaí 2022 cothrom le nialas, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, i gcás inarb iomchuí, togra nua a thíolacadh maidir leis na ceanglais fritháirithe sin a ríomh agus fógra a thabhairt fúthu.

⁽⁵⁾ Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagrán de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil — an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25).

⁽⁶⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁽⁷⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairiscíú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun críche beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10).

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2003/87/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 12 de Threoir 2003/87/CE, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

“6. Faoin 30 Samhain 2022, tabharfaidh na Ballstáit fógra d’oibreoírí aerárthaí go bhfuil, i leith na bliana 2021, a gceanglais fritháirithe de réir bhrí mhír 3.2.1 de Chaighdeán Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta ICAO maidir le Cosaint Comhshaoil i gcomhair na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (SARPanna CORSIA) cothrom le nialas. Tabharfaidh na Ballstáit fógra d’oibreoírí aerárthaí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá deimhniú aeroibreora arna eisiúint ag Ballstát ag oibreoírí aerárthaí nó tá siad cláraithe i mBallstát, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, na spleáchríocha agus na críocha den Bhallstát sin; agus
- (b) táirgeann siad astaíochtaí bliantúla CO₂ níos mó ná 10 000 tona ó úsáid eitleán ag a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh is mó ná 5 700 kg a dhéanann eitiltí a chumhdaítear le hlarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus le hAirteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún (*), seachas na heitiltí sin a fhágann Ballstát amháin agus a thuirlíngíonn sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí den Ballstát sin, ón 1 Eanáir 2021.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), ní chuirfear astaíochtaí CO₂ san áireamh ó na cineálacha eitiltí seo a leanas:

- (i) eitiltí stáit;
- (ii) eitiltí daonnúla;
- (iii) eitiltí leighis;
- (iv) eitiltí míleata;
- (v) eitiltí comhraic dóiteáin;
- (vi) eitiltí arna ndéanamh roimh eitiltí dhaonnúil, eitiltí leighis nó eitiltí comhraic dóiteáin nó ina ndiaidh, ar choinníoll go ndearnadh eitiltí den sórt sin leis an aerárthach céanna agus go raibh orthu na gníomhaíochtaí gaolmhara daonnúla, leighis nó comhraic dóiteáin a chur i gcrích nó an t-aerárthach a athshuíomh tar éis na gníomhaíochtaí sin dá chéad ghníomhaíocht eile.

7. Fad agus atáthar ag fanacht ar ghníomh reachtach lena leasaítear an Treoir seo a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc laghdaithe astaíochtaí an Aontais ar fud an gheilleagair agus lena gcuirtear beart domhanda margadhbhunaithe chun feidhme go hiomchuí, agus i gcás nach bhfuil an tréimhse chun gníomh reachtach den sórt sin a thrasú imithe in éag faoin 30 Samhain 2023, agus go bhfuil an Fachtóir Fáis Earnála (FFE) le haghaidh 2022, atá le foilsiú ag ICAO, cothrom le nialas, tabharfaidh na Ballstáit, faoin 30 Samhain 2023, fógra d’oibreoírí aerárthaí go bhfuil, i ndáil leis an mbliain 2022, a gceanglais fritháirithe de réir bhrí mhír 3.2.1 de SARPanna CORSIA de chuid ICAO cothrom le nialas.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí eitlíochta chun beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10).”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 18 Eanáir 2023.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/137 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ionas go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach, is gá caighdeáin staidrimh is infheidhme maidir le bailiú, tarchur agus foilsiú staidrimh náisiúnta agus Aontais ionas gur féidir le gnólachtaí, institiúidí airgeadais, rialtais agus gach oibreoir eile sa mhargadh inmheánach rochtain a fháil ar shonraí staidrimh iontaofa agus inchomparáide. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach léirmhíniú aonfhoirmeach a dhéanamh i ngach Ballstát ar na catagóirí éagsúla chun gníomhaíochtaí san Aontas a aicmiú.
- (2) Tá gá le staidreamh iontaofa agus inchomparáide chun a chur ar chumas na ngnólachtaí measúnú a dhéanamh ar a n-iomaíochas agus tá staidreamh den sórt sin tairbheach d'institiúidí an Aontais chun saobhadh iomaíochta a chosc.
- (3) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíochta sa Chomhphobal Eorpach (dá ngairtear "NACE Ath. 2" anseo feasta), chun ceanglais maidir le staidreamh a chomhlíonadh tráth a glacadh an Rialachán, agus fad a bhí sé i gcomhréir le timpeallacht na teicneolaíochta agus struchtúr an gheilleagair, chomh maith leis na haicmithe idirnáisiúnta eacnamaíochta agus sóisialta ábhartha.
- (4) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena leasaítear Iarscríbhinn I, chun forbairtí teicniúla nó eacnamaíochta a chur san áireamh nó chun é a ailíniú le haicmithe eile eacnamaíochta agus shóisialta.
- (5) Mar thoradh ar an domhandú agus ar an digitiú, tá athrú tagtha ar an gcaoi a soláthraítear earraí agus seirbhísí le roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíochta, ó tháinig NACE Ath. 2 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008. Tháinig méadú ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí nua agus níl an tábhacht chéanna ag baint le gníomhaíochtaí eile sa gheilleagar domhanda. Tharla athruithe tapa freisin i dtimpeallacht na teicneolaíochta faisnéise. Ina theannta sin, leis an méadú ar an bhfeasacht ar thionchar an gheilleagair ar an gcomhshaol, cruthaíodh gníomhaíochtaí speisialaithe chun an comhshaol a chosaint.

⁽¹⁾ IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

- (6) Ceanglaítear le hinchomparáideacht idirnáisiúnta staidrimh eacnamaíoch go mbainfidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais úsáid as aicmithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá nasctha go díreach leis an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta I dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch (ISIC).
- (7) Tar éis do Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe Athbhreithniú 5 den Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch ("ISIC Ath. 5") a ghlacadh, ba cheart aicmiú NACE a oiriúnú chun a inchomparáideacht agus a chomhsheasmhacht leis na caighdeáin maidir le haicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.
- (8) Trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nua atá indéanta de bharr forbairtí struchtúracha, eolaíocha agus teicneolaíocha a rinneadh le déanaí a chur san áireamh, ba cheart réaltacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair san Aontas a léiriú ar bhealach níos dlúithe in aicmiú NACE.
- (9) Tá ról lárnach ag aicmiú NACE atá cothrom le dáta i dtaca le hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin chun soláthar staidrimh an Aontais a nuachóiriú. Meastar go rannchuideoidh an t-aicmiú sin atá cothrom le dáta le rialachas eacnamaíoch níos fearr ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, trí shonraí níos inchomparáide agus níos ábhartha.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Airteagal 2

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2025.
2. De mhaolú ar mhír 1, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na tarchuir sonraí ó na dátaí seo a leanas:
 - (a) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ^(?) ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:
 - an staidreamh i ndáil le struchtúr agus dáileadh an tuillimh, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;
 - an staidreamh i ndáil le leibhéal agus comhdhéanamh na gcostas saothair, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;
 - (b) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(?), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;
 - (c) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(*), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;
 - (d) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(?), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;

^(?) Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair (IO L 63, 12.3.1999, lch. 6).

^(?) Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staitisticí dramhaíola (IO L 332, 9.12.2002, lch. 1).

^(*) Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le hinnéacs na gcostas saothair (IO L 69, 13.3.2003, lch. 1).

^(?) Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal (IO L 33, 5.2.2004, lch. 1).

- (e) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2030;
- (f) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;
- (g) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;
- (h) le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- IARSCRÍBHINN II — Fearann: Cúram sláinte, ábhar: “caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte”, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;
 - IARSCRÍBHINN IV — Fearann: Tionóiscí ag an obair, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2027;
- (i) le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- Iarscríbhinn I — MODÚL LE HAGHAIDH CUNTAIS ASTAÍOCHTAÍ AEIR, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;
 - Iarscríbhinn II — MODÚL LE HAGHAIDH CÁNACHA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHSHAOL DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA EACNAMAÍCHE, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;
 - Iarscríbhinn IV — MODÚL LE HAGHAIDH CUNTAIS AR CHAITEACHAS I LEITH CHOSAINT AN CHOMHSAHOIL, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;
 - Iarscríbhinn V — MODÚL LE HAGHAIDH CUNTAIS AR AN EARNÁIL UM EARRAÍ AGUS UM SHEIRBHÍSÍ COMHSHAOL, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;
 - Iarscríbhinn VI — MODÚL LE HAGHAIDH CUNTAIS AR SHREABHADH FISIÚIL FUINNIMH, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2028;
- (j) le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;
- (k) le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn B, beidh feidhm aige maidir le tarchuir sonraí ó mhí Mheán Fómhair 2029 amach;

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le staidreamh i ndáil le gairmoiliúint i ngnóthais (IO L 255, 30.9.2005, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal (IO L 145, 4.6.2008, lch. 234).

⁽⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh (IO L 304, 14.11.2008, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair (IO L 354, 31.12.2008, lch. 70).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíochta comhshaoil (IO L 192, 22.7.2011, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar (IO L 32, 3.2.2012, lch. 1).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

- (l) le haghaidh Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- fearann “an lucht saothair” agus fearann “an ioncaim agus na ndálaí maireachtála”, beidh feidhm acu maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026;
 - fearann an “oideachais agus na hoiliúna”, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse bailithe sonraí ón 1 Eanáir 2028;
 - fearann “an tomhaltais” agus “na húsáide ama”, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2030;
 - fearann na “sláinte”, beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2031;
- (m) le haghaidh Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- Airteagal 6(1), pointe (a), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí athbhunaithe ar an mbliain 2025;
 - Airteagal 6(2), pointí (c) agus (d), beidh feidhm aige maidir leis na tarchuir sonraí a bhaineann le gach tréimhse thagartha ón 1 Eanáir 2026.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

IARSCRÍBHINN

NACE ATH. 2 NUASHONRÚ 1 (NACE ATH. 2.1)

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | | |
|--------|-----------------------|-------|--|---|
| 01 | 01.1 | | ROINN A — TALMHAÍOCHT, FORAOISEACHT AGUS IASCAIREACHT | |
| | | | Táirgeadh barr agus ainmhithe, sealgaireacht agus gníomhaíochtaí seirbhísí gaolmhara | |
| | | | Saothrú barr neamh-ilbhliantúil | |
| | | 01.11 | Saothrú gránach, seachas rís, barr léagúmach agus síolta ola | |
| | | 01.12 | Saothrú ríse | |
| | | 01.13 | Saothrú glasraí agus mealbhacán, fréamhacha agus tiúbar | |
| | | 01.14 | Saothrú cána siúcra | |
| | | 01.15 | Saothrú tobac | |
| | | 01.16 | Saothrú barr snáithín | |
| | | 01.19 | Saothrú barr neamh-ilbhliantúil eile | |
| | | 01.2 | | Saothrú barr ilbhliantúil |
| | | | 01.21 | Saothrú fionchaor |
| | | | 01.22 | Saothrú torthaí trópaiceacha agus fothrópaiceacha |
| | | | 01.23 | Saothrú torthaí citris |
| | | | 01.24 | Saothrú torthaí póma agus torthaí cloiche |
| | | | 01.25 | Saothrú torthaí agus cnónna eile crann agus tor |
| | | | 01.26 | Saothrú torthaí olúla |
| | | | 01.27 | Saothrú barr dí |
| | | | 01.28 | Saothrú spíosraí, barr cumhra, barr drugaí agus barr cógaisíochta |
| | | | 01.29 | Saothrú barr ilbhliantúil eile |
| | | | 01.3 | |
| | | 01.30 | | Iomadú plandaí |
| | | 01.4 | | Táirgeadh ainmhithe |
| | | | 01.41 | Tógáil eallaigh déiríochta |
| | | | 01.42 | Tógáil eallaigh eile agus buabhall |
| | | | 01.43 | Tógáil capall agus ainmhithe eile eachaí |
| | | | 01.44 | Tógáil camall agus camallaidí |
| | | | 01.45 | Tógáil caorach agus gabhar |
| | | | 01.46 | Tógáil mucra agus muc |
| | | | 01.47 | Tógáil éanlaithe clóis |
| 01.48 | Tógáil ainmhithe eile | | | |
| 01.5 | | | Feirmeoireacht mheasctha | |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|-------|-------|--|
| | | 01.50 | Feirmeoireacht mheasctha |
| | 01.6 | | Gníomhaíochtaí tacaíochta don talmhaíocht agus do ghníomhaíochtaí barr iarbhuainte |
| | | 01.61 | Gníomhaíochtaí tacaíochta do tháirgeadh barr |
| | | 01.62 | Gníomhaíochtaí tacaíochta do tháirgeadh ainmhithe |
| | | 01.63 | Gníomhaíochtaí barr iarbhuainte agus próiseáil síolta don síolrú |
| | 01.7 | | Sealgaireacht, gaisteoireacht agus gníomhaíochtaí seirbhísí gaolmhara |
| | | 01.70 | Sealgaireacht, gaisteoireacht agus gníomhaíochtaí seirbhísí gaolmhara |
| 02 | | | Foraoiseacht agus lománaíocht |
| | 02.1 | | Foraoiseolaíocht agus gníomhaíochtaí eile foraoiseachta |
| | | 02.10 | Foraoiseolaíocht agus gníomhaíochtaí eile foraoiseachta |
| | 02.2 | | Lománaíocht |
| | | 02.20 | Lománaíocht |
| | 02.3 | | Bailiú táirgí neamh-adhmaid a fhásann go fiáin |
| | | 02.30 | Bailiú táirgí neamh-adhmaid a fhásann go fiáin |
| | 02.4 | | Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht |
| | | 02.40 | Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht |
| 03 | | | Iascaireacht agus dobharshaothrú |
| | 03.1 | | Iascaireacht |
| | | 03.11 | Iascaireacht mhara |
| | | 03.12 | Iascaireacht fionnuisce |
| | 03.2 | | Dobharshaothrú |
| | | 03.21 | Dobharshaothrú muirí |
| | | 03.22 | Dobharshaothrú fionnuisce |
| | 03.3 | | Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe |
| | | 03.30 | Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe |
| | | | ROINN B — MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT |
| 05 | | | Mianadóireacht guail agus ligníte |
| | 05.1 | | Mianadóireacht guail chrua |
| | | 05.10 | Mianadóireacht guail chrua |
| | 05.2 | | Mianadóireacht ligníte |
| | | 05.20 | Mianadóireacht ligníte |
| 06 | | | Eastóscadh peitriam amh agus gáis nádúrtha |
| | 06.1 | | Eastóscadh peitriam amh |
| | | 06.10 | Eastóscadh peitriam amh |
| | 06.2 | | Eastóscadh gáis nádúrtha |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|-------|-------|---|
| 07 | 07.1 | 06.20 | Eastóscadh gáis nádúrtha |
| | | | Mianadóireacht mianta miotail |
| | | | Mianadóireacht mianta iarainn |
| | | 07.10 | Mianadóireacht mianta iarainn |
| | | 07.2 | Mianadóireacht mianta miotail neamhfheiriúla |
| | | 07.21 | Mianadóireacht mianta úráiniam agus tóiriam |
| 08 | 08.1 | 07.29 | Mianadóireacht mianta miotail eile neamhfheiriúla |
| | | | Mianadóireacht agus cairéalacht eile |
| | | 08.11 | Cairéalú cloiche, gainimh agus cré |
| | | 08.11 | Cairéalú cloiche ornáidí, aolchloiche, gipsim, slinne agus cloiche eile |
| | | 08.12 | Oibriú claiseanna gairbhéil agus gainimh agus mianadóireacht créanna agus caoilín |
| | | 08.9 | Mianadóireacht agus cairéalacht nach n-aicmítear in áit ar bith eile |
| | | 08.91 | Mianadóireacht mianraí ceimiceacha agus leasacháin |
| | | 08.92 | Eastóscadh móna |
| | | 08.93 | Eastóscadh salainn |
| | | 08.99 | Mianadóireacht agus cairéalacht eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile |
| 09 | 09.1 | | Gníomhaíochtaí tacaíochta mianadóireachta |
| | | | Gníomhaíochtaí tacaíochta d'eastóscadh peitrliam agus gáis nádúrtha |
| | | 09.10 | Gníomhaíochtaí tacaíochta d'eastóscadh peitrliam agus gáis nádúrtha |
| | | 09.9 | Gníomhaíochtaí tacaíochta do mhianadóireacht eile agus do chairéalacht eile |
| | | 09.90 | Gníomhaíochtaí tacaíochta do mhianadóireacht eile agus do chairéalacht eile |
| 10 | 10.1 | | ROINN C — MONARÚ |
| | | | Monarú táirgí bia |
| | | | Próiseáil agus leasú feola agus táirgeadh táirgí bia |
| | | 10.11 | Próiseáil agus leasú éineola, seachas éineoil |
| | | 10.12 | Próiseáil agus leasú éineola |
| | | 10.13 | Táirgeadh feola agus táirgí éineola |
| | | 10.2 | Próiseáil agus leasú éisc, crústach agus moileasc |
| | | 10.20 | Próiseáil agus leasú éisc, crústach agus moileasc |
| | | 10.3 | Próiseáil agus leasú torthaí agus glasraí |
| | | 10.31 | Próiseáil agus leasú prátaí |
| | | 10.32 | Monarú sú torthaí agus glasraí |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|----------------|-------|---|
| 11 | 10.4 | 10.39 | Próiseáil agus leasú eile torthaí agus glasraí |
| | | | Monarú olaí agus saille plandúla agus ainmhíocha |
| | 10.5 | 10.41 | Monarú olaí agus saille |
| | | 10.42 | Monarú margairín agus saille inite comhchosúla |
| | | | Monarú táirgí déiríochta agus oighir inite |
| | 10.6 | 10.51 | Monarú táirgí déiríochta |
| | | 10.52 | Monarú uachtair reoite agus oighir inite eile |
| | | | Monarú táirgí muilinn gráin, stáirsí agus táirgí stáirse |
| | 10.7 | 10.61 | Monarú táirgí muilinn gráin |
| | | 10.62 | Monarú stáirsí agus táirgí stáirse |
| | | | Monarú táirgí bácúis agus plúrmhara |
| | 10.8 | 10.71 | Monarú aráin; monarú earraí úra taosráin agus cácaí |
| | | 10.72 | Monarú roscaí, brioscaí, taosráin leasaithe agus cácaí |
| | | 10.73 | Monarú táirgí plúrmhara |
| | | | Monarú táirgí bia eile |
| | | 10.81 | Monarú siúcra |
| | | 10.82 | Monarú cócó, seacláide agus milseogra siúcra |
| | 10.9 | 10.83 | Próiseáil tae agus caife |
| | | 10.84 | Monarú tarsann agus blastanas |
| | | 10.85 | Monarú béilí agus mias réamhullmhaithe |
| | | 10.86 | Monarú ullmhóidí homaiginithe bia agus bia dhiaitéitigh |
| | | 10.89 | Monarú táirgí eile bia nach n-aicmítear in áit ar bith eile |
| | | | Monarú beathaí ullmhaithe d'ainmhithe |
| | | 10.91 | Monarú beathaí ullmhaithe d'ainmhithe feirme |
| | 11.0 | 10.92 | Monarú bianna ullmhaithe do pheataí |
| | | | Monarú deochanna |
| | | | Monarú deochanna |
| | | 11.01 | Driogadh, ceartdealú agus cumasc biotáillí |
| | | 11.02 | Monarú fíona ó fhíonchaora |
| | | 11.03 | Monarú leanna úll agus deochanna torthaí coipthe eile |
| | | 11.04 | Monarú deochanna eile coipthe neamhdhriogtha |
| | | 11.05 | Monarú beorach |
| 11.06 | Monarú braiche | | |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|--|------------------|---|
| 12 | 12.0 | 11.07 | Monarú deochanna boga agus uiscí buidéalaithe |
| | | | Monarú táirgí tobac |
| 13 | 13.1 | 12.00 | Monarú táirgí tobac |
| | | | Monarú teicstílí |
| | | | Ullmhú agus sníomh snáithíní teicstíle |
| | | 13.10 | Ullmhú agus sníomh snáithíní teicstíle |
| | | 13.2 | Fíodóireacht teicstílí |
| | | 13.20 | Fíodóireacht teicstílí |
| | | 13.3 | Bailchríochnú teicstílí |
| | | 13.30 | Bailchríochnú teicstílí |
| | | 13.9 | Monarú teicstílí eile |
| | | 13.91 | Monarú fabraicí cniotáilte agus cróiseáilte |
| | | 13.92 | Monarú teicstílí tí agus earraí fearastaithe rédhéanta |
| | | 13.93 | Monarú cairpéad agus rugaí |
| | | 14 | 14.1 |
| 13.95 | Monarú ábhar neamhfhite agus earraí neamhfhite | | |
| 13.96 | Monarú teicstílí eile teicniúla agus tionsclaíocha | | |
| 13.99 | Monarú teicstílí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | |
| | Monarú corpbhirt | | |
| | Monarú éadaí cniotáilte agus cróiseáilte | | |
| 14.10 | Monarú éadaí cniotáilte agus cróiseáilte | | |
| 14.2 | Monarú corpbhirt eile agus oiriúintí | | |
| 14.21 | Monarú éadaí amuigh | | |
| 14.22 | Monarú fo-éadaí | | |
| 15 | 15.1 | 14.23 | Monarú feistis oibre |
| | | 14.24 | Monarú éadaí leathair agus éadaí fionnaidh |
| | | 14.29 | Monarú corpbhirt eile agus oiriúintí nach n-aicmítear in áit ar bith eile |
| | | | Monarú leathair agus táirgí gaolmhara d'ábhair eile |
| | | 15.1 | Súdaireacht, ruaimniú, treiscíniú leathair agus fionnaidh; monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaitoíreachta agus úmacha |
| | | 15.11 | Súdaireacht, treiscíniú, ruaimniú leathair agus fionnaidh |
| | | 15.12 | Monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaitoíreachta agus úmacha d'aon ábhar |
| | 15.2 | Monarú coisbhirt | |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|-------|-------|--|
| 16 | | 15.20 | Monarú coisbhirt |
| | | | Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú rudaí tuí agus ábhar fite |
| | | 16.1 | Sábhmhuilleoireacht agus plánáil adhmaid; próiseáil agus bailchríochnú adhmaid |
| | | 16.11 | Sábhmhuilleoireacht agus plánáil adhmaid |
| | | 16.12 | Próiseáil agus bailchríochnú adhmaid |
| | | 16.2 | Monarú táirgí adhmaid, coirc, tuí agus ábhar fite |
| | | 16.21 | Monarú leathán veiníre agus painéal atá bunaithe ar adhmaid |
| | | 16.22 | Monarú urlár iontlaise cóimeáilte |
| | | 16.23 | Monarú cearpantóireachta agus siúinéireachta eile do thógálaithe |
| | | 16.24 | Monarú coimeádán adhmaid |
| | | 16.25 | Monarú doirse agus fuinneog adhmaid |
| | | 16.26 | Monarú breoslaí soladacha ó bhithmhais glasraí |
| | | 16.27 | Bailchríochnú táirgí adhmaid |
| | | 16.28 | Monarú táirgí eile adhmaid agus earraí coirc, tuí agus ábhar fite |
| 17 | | | Monarú páipéir agus táirgí páipéir |
| | | 17.1 | Monarú laín, páipéir agus páipéarchláir |
| | | 17.11 | Monarú laín |
| | | 17.12 | Monarú páipéir agus páipéarchláir |
| | | 17.2 | Monarú earraí páipéir agus páipéarchláir |
| | | 17.21 | Monarú páipéir rochta, páipéarchláir agus coimeádán páipéir agus páipéarchláir |
| | | 17.22 | Monarú earraí tí agus sláintíochta agus earraí bunriachtanacha don leithreas |
| | | 17.23 | Monarú stáiseanóireachta páipéir |
| | | 17.24 | Monarú ballapháipéir |
| | | 17.25 | Monarú earraí eile páipéir agus páipéarchláir |
| 18 | | | Priontáil agus atáirgeadh na meán taifeadta |
| | | 18.1 | Priontáil agus gníomhaíochtaí seirbhíse a bhaineann le priontáil |
| | | 18.11 | Priontáil nuachtán |
| | | 18.12 | Priontáil eile |
| | | 18.13 | Seirbhísí réamh-phreasa agus réamh-mheán |
| | | 18.14 | Ceangal leabhar agus seirbhísí gaolmhara |
| | | 18.2 | Atáirgeadh na meán taifeadta |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|-------|---------------------------------------|---|
| 19 | 19.1 | 18.20 | Atáirgeadh na meán taifeadta |
| | | | Monarú táirgí cóic agus peitriiliam scagtha |
| | | | Monarú táirgí oighinn cóic |
| | | | Monarú táirgí oighinn cóic |
| | | | Monarú táirgí peitriiliam scagtha agus táirgí breosla iontaise |
| 20 | 20.1 | 19.20 | Monarú táirgí peitriiliam scagtha agus táirgí breosla iontaise |
| | | | Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha |
| | | | Monarú ceimiceán bunúsach, leasúchán agus comhdhúl nítrigine, plaisteach agus rubair shintéisigh i bhfoirmeacha príomhúla |
| | | | Monarú gás tionsclaíoch |
| | | | Monarú ruaimeanna agus líocha |
| | | | Monarú ceimiceán bunúsach eile neamhorgánach |
| | | | Monarú ceimiceán bunúsach eile orgánach |
| | | | Monarú leasúchán agus comhdhúl nítrigine |
| | | | Monarú plaisteach i bhfoirmeacha príomhúla |
| | | | Monarú rubair shintéisigh i bhfoirmeacha príomhúla |
| | | | Monarú lotnaidicídí, dífhabhtán agus táirgí eile agraicheimiceacha |
| | | | Monarú lotnaidicídí, dífhabhtán agus táirgí eile agraicheimiceacha |
| | | | Monarú péinteanna, vearnaisí agus bratuithe comhchosúla, dúigh priontála agus maisteog |
| | | | Monarú péinteanna, vearnaisí agus bratuithe comhchosúla, dúigh priontála agus maisteog |
| | | | Monarú ullmhóidí níocháin, glantacháin agus snasaithe |
| | | | Monarú gallúnaí agus glantach, ullmhóidí glantacháin agus snasaithe |
| | | | Monarú cumhráin agus ullmhóidí maisíochta |
| | | | Monarú táirgí eile ceimiceacha |
| | | | Monarú bithbhreoslaí leachtacha |
| | | | Monarú táirgí eile ceimiceacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile |
| | 20.6 | Monarú snáithíní de dhéantús an duine | |
| | 20.60 | Monarú snáithíní de dhéantús an duine | |
| 21 | 21.1 | | Monarú buntáirgí cógaisíochta agus ullmhóidí cógaisíochta |
| | | | Monarú buntáirgí cógaisíochta |
| | | 21.10 | Monarú buntáirgí cógaisíochta |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | | |
|--------|---|--------------------------------------|--|---|
| 22 | 21.2 | | Monarú ullmhóidí cógaisíochta | |
| | | 21.20 | Monarú ullmhóidí cógaisíochta | |
| | 22.1 | | Monarú táirgí rubair agus plaisteacha | |
| | | | Monarú táirgí rubair | |
| | | 22.11 | Monarú, atráchtadh agus atógáil bonn rubair agus monarú feadán | |
| | | 22.12 | Monarú táirgí eile rubair | |
| | | 22.2 | | Monarú táirgí plaisteacha |
| | | | 22.21 | Monarú plátaí, brat, feadán agus próifílí plaisteacha |
| | | | 22.22 | Monarú earraí pacála plaisteacha |
| | | | 22.23 | Monarú doirse agus fuinneog plaisteach |
| 22.24 | Monarú earraí plaisteacha do thógálaithe | | | |
| 22.25 | Próiseáil agus bailchríochnú táirgí plaisteacha | | | |
| 23 | 22.26 | | Monarú táirgí eile plaisteacha | |
| | | | Monarú táirgí eile mianracha neamh-mhiotalacha | |
| | 23.1 | | Monarú gloine agus táirgí gloine | |
| | | 23.11 | Monarú gloine comhréidh | |
| | | 23.12 | Deilbhiú agus próiseáil gloine comhréidh | |
| | | 23.13 | Monarú tollghloine | |
| | | 23.14 | Monarú snáithíní gloine | |
| | | 23.15 | Monarú agus próiseáil gloine eile, lena n-áirítear earraí teicniúla gloine | |
| | | 23.2 | | Monarú táirgí teasfhulangacha |
| | 23.20 | | Monarú táirgí teasfhulangacha | |
| | 23.3 | | Monarú ábhar tógála cré | |
| | | 23.31 | Monarú tíleanna ceirmeacha agus leac ceirmeach | |
| | | 23.32 | Monarú bríicí, tíleanna agus táirgí foirgníochta i gcré bhácáilte | |
| | | 23.4 | | Monarú táirgí eile poircealláin agus ceirmeacha |
| | | | 23.41 | Monarú rudaí tí ceirmeacha agus rudaí ornáideacha |
| 23.42 | Monarú daingneán ceirmeach sláintíochta | | | |
| 23.43 | Monarú inslitheoirí ceirmeacha agus feisteas inslithe ceirmeach | | | |
| 23.44 | Monarú táirgí eile ceirmeacha teicniúla | | | |
| 23.45 | Monarú táirgí eile ceirmeacha | | | |
| 23.5 | | Monarú stroighne, aoil agus plástair | | |
| | 23.51 | Monarú stroighne | | |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | | |
|--------|-------|-------|---|---|
| 24 | 23.6 | 23.52 | Monarú aoil agus plástair | |
| | | | Monarú rudaí coincréite, stroighne agus plástair | |
| | | 23.61 | Monarú táirgí coincréite chun críocha foirgníochta | |
| | | 23.62 | Monarú táirgí plástair chun críocha foirgníochta | |
| | | 23.63 | Monarú coincréite réamh-mheasctha | |
| | | 23.64 | Monarú moirtéal | |
| | | 23.65 | Monarú stroighne snáithíní | |
| | | 23.66 | Monarú rudaí eile coincréite, stroighne agus plástair | |
| | | 23.7 | | Gearradh, deilbhiú agus bailchríochnú cloiche |
| | | | 23.70 | Gearradh, deilbhiú agus bailchríochnú cloiche |
| | 23.9 | | Monarú táirgí scríobacha agus táirgí mianracha neamh-mhiotalacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile | |
| | | 23.91 | Monarú táirgí scríobacha | |
| | | | 23.99 | Monarú táirgí eile mianracha neamh-mhiotalacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile |
| | | | | Monarú bunmhiotal |
| | 24.1 | | | Monarú buniarainn agus bunchruach agus fearó-chóimhiotal |
| | | | 24.10 | Monarú buniarainn agus bunchruach agus fearó-chóimhiotal |
| | 24.2 | | | Monarú feadán, píobán, tollphróifílí agus feisteas gaolmhar, atá déanta as cruach |
| | | | 24.20 | Monarú feadán, píobán, tollphróifílí agus feisteas gaolmhar, atá déanta as cruach |
| | 24.3 | | | Monarú táirgí eile de chéad phróiseáil na cruach |
| | | | 24.31 | Fuartharraingt barraí |
| | | | 24.32 | Fuar-rolladh stéille caoile |
| | | | 24.33 | Fuarfhoirmiú nó fuarfhillleadh |
| | | | 24.34 | Fuartharraingt sreinge |
| | 24.4 | | | Monarú bunmhiotal lómhar agus miotal eile neamhfheiriúil |
| | | | 24.41 | Táirgeadh miotal lómhar |
| | | | 24.42 | Táirgeadh alúmanaim |
| | | | 24.43 | Táirgeadh luaidhe, since agus stáin |
| | | | 24.44 | Táirgeadh copair |
| | | | 24.45 | Táirgeadh miotail neamhfheiriúil eile |
| | | | 24.46 | Próiseáil breosla núicléach |
| | 24.5 | | | Teilgean miotal |
| | | | 24.51 | Teilgean iarainn |
| | | 24.52 | Teilgean cruach | |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|--|-------|---|
| 25 | | 24.53 | Teilgean miotal éadrom |
| | | 24.54 | Teilgean miotal éadrom neamhfheiriúil eile |
| | | | Monarú táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh |
| | | 25.1 | Monarú táirgí struchtúracha miotail |
| | | | 25.11 Monarú struchtúr miotail agus codanna de struchtúir |
| | | | 25.12 Monarú doirse agus fuinneog miotail |
| | | 25.2 | Monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail |
| | | | 25.21 Monarú radaitheoirí téimh lárnaigh, gineadóirí gaile agus coirí |
| | | | 25.22 Monarú umar, taiscumar agus coimeádán miotail eile |
| | | 25.3 | Monarú arm agus armlóin |
| | | | 25.30 Monarú arm agus armlóin |
| | | 25.4 | Gaibhniú agus dealbhú miotalóireachta miotail agus púdair |
| | | | 25.40 Gaibhniú agus dealbhú miotail agus miotalóireacht phúdair |
| | | 25.5 | Cóireáil agus cótáil miotal; meaisíniú |
| | | | 25.51 Bratú miotal |
| | | | 25.52 Cóireáil teasa miotal |
| | | | 25.53 Meaisíniú miotal |
| | | 25.6 | Monarú scanra, uirlisí agus crua-earraí ginearálta |
| | | | 25.61 Monarú scanra |
| | | | 25.62 Monarú glas agus insí |
| | | | 25.63 Monarú uirlisí |
| | | 25.9 | Monarú táirgí eile déanta as miotal |
| | | | 25.91 Monarú drumáí cruach agus coimeádán comhchosúil |
| | | | 25.92 Monarú pacáistithe miotail éadroim |
| | | | 25.93 Monarú táirgí, slabhra agus spriongaí sreinge |
| | 25.94 Monarú dúntóirí agus táirgí meaisín scríú | | |
| | 25.99 Monarú táirgí eile déanta as miotal nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | |
| 26 | | | Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla |
| | | 26.1 | Monarú comhpháirteanna leictreonacha agus bord leictreonach |
| | | | 26.11 Monarú comhpháirteanna leictreonacha |
| | | | 26.12 Monarú bord leictreonach luchtaithe |
| | | 26.2 | Monarú ríomhairí agus trealaimh fhorimeallaigh |
| | | | 26.20 Monarú ríomhairí agus trealaimh fhorimeallaigh |
| | | 26.3 | Monarú trealaimh cumarsáide |

n.e.c.: nach n-aicmítear in áit ar bith eile

| Rannán | Grúpa | Aicme | |
|--------|-------|-------|--|
| | | 26.30 | Monarú trealaimh cumarsáide |
| | 26.4 | | Monarú leictreonaice do thomhaltóirí |
| | | 26.40 | Monarú leictreonaice do thomhaltóirí |
| | 26.5 | | Monarú uirlisí tástála tomhais, clog agus uaireadóirí |
| | | 26.51 | Monarú ionstraimí agus fearas do thomhas, tástáil agus nascleanúint |
| | | 26.52 | Monarú uaireadóirí agus clog |
| | 26.6 | | Monarú trealaimh ionradaíochta, leictrimhíochaine agus leictritheiripigh |
| | | 26.60 | Monarú trealaimh ionradaíochta, leictrimhíochaine agus leictritheiripigh |
| | 26.7 | | Monarú ionstraimí optúla, meán maighnéadach agus optúil agus trealaimh fhótagrafaigh |
| | | 26.70 | Monarú ionstraimí optúla, meán maighnéadach agus optúil agus trealaimh fhótagrafaigh |
| 27 | | | Monarú trealaimh leictrigh |
| | 27.1 | | Monarú mótar leictreach, gineadóirí leictreacha, claochladán leictreach agus gaireas dáilte agus rialaithe leictreachais |
| | | 27.11 | Monarú mótar leictreach, gineadóirí leictreacha agus claochladán leictreach |
| | | 27.12 | Monarú gairis dáilte agus rialaithe leictreachais |
| | 27.2 | | Monarú cadhnraí agus taisc-cheallraí |
| | | 27.20 | Monarú cadhnraí agus taisc-cheallraí |
| | 27.3 | | Monarú sreangaithe agus feisteas sreangaithe |
| | | 27.31 | Monarú cáblaí snáthoptaice |
| | | 27.32 | Monarú sreang agus cáblaí eile leictreonacha agus leictreacha |
| | | 27.33 | Monarú feisteas sreangaithe |
| | 27.4 | | Monarú trealaimh shoilsithe |
| | | 27.40 | Monarú trealaimh shoilsithe |
| | 27.5 | | Monarú fearas teaghlaigh |
| | | 27.51 | Monarú fearas teaghlaigh leictreach |
| | | 27.52 | Monarú fearas teaghlaigh neamhleictreach |
| | 27.9 | | Monarú trealaimh leictrigh eile |
| | | 27.90 | Monarú trealaimh leictrigh eile |
| 28 | | | Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile |
| 98 | | | Gníomhaíochtaí táirgthe earraí agus seirbhísí neamhdhifreáilte ag teaghlaigh phríobháideacha dá n-úsáid féin |
| | 98.1 | | Gníomhaíochtaí táirgthe earraí neamhdhifreáilte ag teaghlaigh phríobháideacha dá n-úsáid féin |
| | | 98.10 | Gníomhaíochtaí táirgthe earraí neamhdhifreáilte ag teaghlaigh phríobháideacha dá n-úsáid féin |
| | 98.2 | | Gníomhaíochtaí táirgthe seirbhísí neamhdhifreáilte ag teaghlaigh phríobháideacha dá n-úsáid féin |
| | | 98.20 | Gníomhaíochtaí táirgthe seirbhísí neamhdhifreáilte ag teaghlaigh phríobháideacha dá n-úsáid féin |
| | | | ROINN V — GNÍOMHAÍOCHTAÍ EAGRAÍOCHTAÍ AGUS COMHLACHTAÍ ALLCHRÍCHE |
| 99 | | | Gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí allchríche |
| | 99.0 | | Gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí allchríche |
| | | 99.00 | Gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí allchríche |

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/138 ÓN gCOIMISIÚN**an 21 Nollaig 2022****lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsíú agus lena n-athúsáid****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is léir ó Threoir (AE) 2019/1024 gurb é atá i liosta uile-Aontais de thacair sonraí ina bhfuil poitéinseal ar leith tairbhí socheacnamaíocha a ghiniúint, agus in éineacht le coinníollacha comhchuibhithe ar athúsáid, cumasóir suntasach feidhmchlár sonraí agus seirbhísí trasteorann.
- (2) Tá sé de phríomhchuspóir ag bunú an liosta de thacair sonraí ardluacha a áirithiú go ndéanfar sonraí poiblí a bhfuil an poitéinseal socheacnamaíoch is airde iontu a chur ar fáil lena n-athúsáid agus srian dlíthiúil agus teicniúil íosta ann agus iad saor in aisce.
- (3) Is é atá ag baint le comhchuibhiú chur chun feidhme na gcoinníollacha maidir le hathúsáid tacar sonraí ardluacha an tsonraíocht theicniúil chun na tacair sonraí a chur ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite agus trí chomhéadain ríomhchlárthaí feidhmchlár (APIanna). Ach tacair sonraí ardluacha a chur ar fáil faoi choinníollacha optamacha neartaítear na beartais sonraí oscailte sna Ballstáit, ag cur le prionsabail na so-aimsitheachta, na hinrochtaineachta, na hidir-inoibritheachta agus na hin-athúsáidteachta (prionsabail FAIR).
- (4) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1024 leagtar síos téamaí na dtacar sonraí ardluacha trí shé chatagóir sonraí théamacha a liostú: 1) geospásúil; 2) faire na cruinne agus an comhshaol; 3) meitéareolaíoch; 4) staidreamh; 5) cuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí; agus 6) soghluaisteacht.
- (5) Tar éis comhairliúcháin leathana leis na páirtithe leasmhara agus i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe tionchair le haghaidh an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, shaináithin an Coimisiún, laistigh de gach ceann de na sé chatagóir sonraí, roinnt tacair sonraí a bhfuil ardluach ar leith orthu agus na socruithe maidir lena bhfoilsíú agus lena n-athúsáid. Forálacha reachtaíocht an Aontais agus na mBallstát a théann thar na híoscheanglais a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo, go háirithe i gcásanna dlí earnála, ba cheart feidhm leanúnach a bheith acu.
- (6) De bhun Threoir (AE) 2019/1024, an ceanglas chun tacair sonraí ardluacha a chur ar fáil saor in aisce, ní bheidh feidhm aige maidir le leabharlanna, lena n-áirítear leabharlanna ollscoile, músaeim agus cartlanna. Féadfáidh na Ballstáit comhlachtaí earnála poiblí aonair a dhíolmhú, arna iarraidh sin dóibh agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Treoir ón gceanglas chun tacair sonraí ardluacha a chur ar fáil saor in aisce ar feadh tréimhse nach faide ná 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.
- (7) Le hAirteagal 14(3) de Threoir (AE) 2019/1024 leagtar síos go bhforálfar leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo nach amhlaidh atá feidhm le bheith ag infhaighteacht tacar sonraí ardluacha saor in aisce maidir le tacair sonraí ardluacha shonracha arna sealbhú ag gnóthais phoiblí i gcás inarb é a thiocfadh as sin saobhadh iomaíochta na margaí ábhartha. Mar sin féin, na sonraí arna sealbhú ag gnóthais phoiblí ní áirítear iad i raon feidhme an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

⁽¹⁾ IO L 172, 26.6.2019, lch. 56.

- (8) I gcás ina bhfuil baint ag próiseáil sonraí pearsanta le tacair sonraí ardluacha a chur ar fáil lena n-athúsáid, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus lena n-áirítear aon fhoráil den dlí náisiúnta lena sonraítear a thuilleadh cur i bhfeidhm RGCS. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as modhanna agus teicnící iomchuí (amhail ginearálú, comhiomlánú, sochtadh, anaithnidiú, príobháideachas difreálach nó randamú), agus dá réir sin an oiread sonraí agus is féidir á gcur ar fáil lena n-athúsáid.
- (9) I dteannta Threoir (AE) 2019/1024, gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ féadfaidh siad a bheith ábhartha le haghaidh athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, go háirithe i gcás ina leagtar síos leis na gníomhartha sin de chuid an Aontais ceanglais choiteanna le haghaidh cáilíocht sonraí agus idir-inoibritheachta.
- (10) Maidir leis na catagóirí téamacha uile, go háirithe an chatagóir “cuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí”, moltar do na Ballstáit dul thar na híoscheanglais maidir le raon feidhme tacar sonraí agus socrúithe maidir le hathúsáid a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na tacair sonraí a liostaítear san Iarscríbhinn seo a ghabhann leis an Rialachán seo a chomhlánú le faisnéis ón earnáil phoiblí atá ar fáil cheana, aon uair atá baint théamach idir na sonraí sin agus a mheastar ardluach a bheith orthu bunaithe ar na critéir a thuariscítear faoi Airteagal 14(2) de Threoir (AE) 2019/1024. I gcás ina n-áirítear leis sin faisnéis arb é atá inti sonraí pearsanta, má chuirtear an fhaisnéis sin leis na tacair sonraí ní mór gá a bheith leis sin, ní mór é a bheith comhréireach agus ní mór cuspóirí leasa ghinearálta a chomhlíonadh i ndáiríre leis sin.
- (12) Is é is cuspóir do Threoir (AE) 2019/1024 úsáid na gceadúnas poiblí caighdeánach atá ar fáil ar líne a chur chun cinn chun faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid. Leis na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le ceadúnais chaighdeánacha mholta, tacair sonraí agus muirear a ghearradh ar athúsáid doiciméad ⁽⁵⁾ sainaitnítear ceadúnais Creative Commons (CC) mar shampla de cheadúnais phoiblí chaighdeánacha mholta. Déanann eagraíocht neamhbhrabúsach ceadúnais CC a fhorbairt agus tháinig siad chun bheith ina bpríomhréiteach ceadúnúcháin le haghaidh faisnéis ón earnáil phoiblí, torthaí taighde agus ábhar ón réimse cultúrtha ar fud an domhain. Dá bhrí sin, is gá tagairt a dhéanamh sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo don leagan is déanaí d'fhoireann cheadúnas CC, eadhon CC 4.0. Le ceadúnas atá coibhéiseach le foireann cheadúnas CC féadfar socrúithe breise a áireamh, amhail an oibleagáid ar an athúsáideoir chun nuashonruithe arna soláthar ag an sealbhóir sonraí a áireamh agus an tráth a nuashonraíodh na sonraí den uair dheireanach a shonrú, fad nach sriantar leo sin na féidearthachtaí chun na sonraí a athúsáid.
- (13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus thug sé a thuairim uaidh an 15 Iúil 2022.
- (14) Tá na bearta a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir le tuairim an Choiste maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid, rud a leagtar amach in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2019/1024,

⁽²⁾ IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

⁽³⁾ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

⁽⁵⁾ IO C 240, 24.7.2014, lch. 1.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aighairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

- (1) Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo déantar an liosta de thacair sonraí ardluacha a bhaineann leis na catagóirí téamacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1024 agus arna shealbhú ag comhlachtaí eárnála poiblí a bhunú i measc na ndoiciméad atá ann cheana agus a bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir leo.
- (2) Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo leagtar síos freisin na socruithe maidir le tacair sonraí ardluacha a fhoilsiú agus a athúsáid, go háirithe na coinníollacha infheidhme maidir le hathúsáid agus na híoscheanglais chun sonraí a scaipeadh trí chomhéadain ríomhchláráithe feidhmchlár (“APIInna”).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) Beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/1024.
- (2) Beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach sna catagóirí geospásúla, um fhaire na cruinne agus um an gcomhshaol agus meitéareolaíochta i dTreoir 2007/2/CE.
- (3) Beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach le haghaidh tacair sonraí sa chatagóir shoghluaisteachta faoi Threoir 2007/2/CE agus Treoir 2005/44/CE.
- (4) ciallaíonn “príomh-shaintréith” saintréith de ní nó eintiteas i dtacar sonraí, amhail cód céannachta náisiúnta nó ainm;
- (5) ciallaíonn “gráinneacht” leibhéal mionsonraithe an tacair sonraí;
- (6) ciallaíonn “comhéadan ríomhchláráithe feidhmchlár” (“API”) tacar feidhmeanna, nósanna imeachta, sainmhínithe agus prótacal le haghaidh cumarsáid meaisín le meaisín agus malartú faisnéise gan uaim;
- (7) ciallaíonn “oll-íosládáil” feidhm lena gcumasaítear íoslódáil tacair sonraí ina iomláine i bpacáiste amháin nó i roinnt pacáistí.

Airteagal 3

Socruithe maidir le foilsiú is infheidhme maidir leis na catagóirí uile de thacair sonraí ardluacha

- (1) Comhlachtaí eárnála poiblí a shealbháíonn tacair sonraí ardluacha a liostaítear san Iarscríbhinn, áiritheoidh siad go ndéanfar na tacair sonraí ar a dtugtar tuairisc nó dá ndéantar tagairt san Iarscríbhinn a chur ar fáil i bhformáidí meaisín-inléite trí APIInna a chomhfhreagraíonn do riachtanais réasúnacha athúsáideoirí. I gcás ina léirítear sin san Iarscríbhinn, cuirfear na tacair sonraí ar fáil mar oll-íosládáil freisin.
- (2) Na comhlachtaí eárnála poiblí sin dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh siad téarmaí úsáide API agus na critéir cáilíochta seirbhíse maidir lena fheidhmíocht, lena acmhainneacht agus lena infhaighteacht a leagan amach agus a fhoilsiú. Beidh na téarmaí úsáide ar fáil i bhformáid atá inléite ag duine agus atá meaisín-inléite. Beidh na téarmaí úsáide agus na critéir cáilíochta seirbhíse comhoiriúnach leis na socruithe le haghaidh athúsáid tacar sonraí ardluacha a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 4.
- (3) Beidh doiciméadacht API ag gabháil le téarmaí úsáide API agus sin i bhformáid atá oscailte, inléite ag duine agus meaisín-inléite agus a aithnítear ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.
- (4) Ainmneoidh na comhlachtaí eárnála poiblí dá dtagraítear i mír 1 pointe teagmhála le haghaidh ceisteanna agus saincheisteanna a bhaineann le API d’fhonn infhaighteacht agus cothabháil API a áirithiú agus ar deireadh d’fhonn foilsiú rianúil agus éifeachtach na dtacar sonraí ardluacha a áirithiú.
- (5) Comhlachtaí eárnála poiblí ag a bhfuil tacair sonraí ardluacha a liostaítear san Iarscríbhinn, áiritheoidh siad go gcuirfear na tacair sonraí in iúl mar thacair sonraí ardluacha ina dtuairisc meiteashonraí.

*Airteagal 4***Socruithe maidir le hathúsáid is infheidhme maidir leis na catagóirí uile de thacair sonraí ardluacha**

- (1) Díolúine arna deonú ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Threoir (AE) 2019/1024 foilseofar ar líne í, ar an mbealach céanna leis an liosta de na comhlachtaí earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir (AE) 2019/1024.
- (2) Chun éascaíocht a dhéanamh d'infhaighteacht tacar sonraí le haghaidh athúsáide lena gcumhdaítear tréimhsí níos faide, beidh feidhm freisin ag na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán seo maidir leis na tacair sonraí ardluacha mheaisín-inléite atá ann cheana agus a cruthaíodh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (3) Cuirfear tacair sonraí ardluacha ar fáil lena n-athúsáid faoi na coinníollacha maidir le Tiomantas an Fhearainn Phoiblí Creative Commons (CC0), nó de rogha air sin, leis an gceadúnas Creative Commons BY 4.0, nó le haon cheadúnas oscailte atá coibhéiseach nó nach bhfuil chomh sriantach sin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, lena ndéantar foráil maidir le hathúsáid neamshrianta. Féadfaidh an ceadúnóir ceanglas maidir le sannadh, agus an t-aitheantas á thabhairt don cheadúnóir, a éileamh ina theannta sin.
- (4) Cuirfear tacair sonraí ardluacha ar fáil i gcomhréir leis na socruithe maidir leis an bhfoilsíú agus leis an athúsáid mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 5***Tuairisciú**

- (1) Faoi 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo soláthróidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir leis na bearta atá déanta acu chun an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chur chun feidhme. I gcás inarb iomchuí, is féidir an fhaisnéis faoi mhír 3 a sholáthar trí thagairtí do mheiteashonraí ábhartha.
- (2) Soláthróidh gach Ballstát leagan den tuarascáil atá tugtha cothrom le dáta arna iarraidh sin don Choimisiún, rud ba cheart a dhéanamh gach 2 bhliain.
- (3) Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil:
 - (a) liosta de thacair sonraí shonracha ar leibhéal na mBallstát (agus, i gcás inarb ábhartha, ar an leibhéal fonáisiúnta) a chomhfhreagraíonn don tuairisc ar gach tacar sonraí ardluacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo lena ngabhann tagairt ar líne do mheiteashonraí lena leantar na caighdeáin atá ann cheana, amhail clár aonair nó catalóg sonraí oscailte;
 - (b) nasc marthanach do na coinníollacha ceadúnúcháin is infheidhme maidir le hathúsáid na dtacar sonraí ardluacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, in aghaidh an tacair sonraí dá dtagraítear i bpointe a);
 - (c) nasc marthanach do na APIanna lena n-áirithítear rochtain ar na tacair sonraí ardluacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, in aghaidh an tacair sonraí dá dtagraítear i bpointe a);
 - (d) i gcás ina bhfuil fáil orthu, treirdhoiciméid arna n-eisiúint ag an mBallstát maidir lena dtacair sonraí ardluacha a fhoilsíú agus a athúsáid;
 - (e) i gcás inarb bhfuil fáil orthu, láithreach measúnuithe tionchair maidir le cosaint sonraí arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679;
 - (f) an líon comhlachtaí earnála poiblí atá díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Threoir (AE) 2019/1024.

*Airteagal 6***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó 16 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

1. GEOSPÁSÚIL

1.1. Tacair sonraí atá faoin raon feidhme

Leis an gcatagóir théamach gheospásúil áirítear tacair sonraí faoi raon feidhme na dtéamaí sonraí INSPIRE eadhon Aonaid riaracháin, Ainmneacha geografacha, Seoltaí, Foirgnimh agus Dáileachtaí cadastracha mar a shainmhínítear in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. Ina theannta sin, áirítear léi Dáileachtaí tagartha agus Dáileachtaí talmhaíochta mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme gaolmhara ⁽⁴⁾. Liostaítear a ngráinneacht, a gcumhdach geografach agus na príomh-shaintréithe sa tábla thíos. Más rud é nach bhfuil na tacair sonraí ar fáil ag an scála a léirítear sa tábla thíos, ach go bhfuil siad ar fáil ar taifeach spásúil nó taifigh spásúla níos airde ⁽⁵⁾, soláthrófar iad ag an taifeach spásúil atá ar fáil.

| Tacair sonraí | Aonaid riaracháin | Ainmneacha geografacha | Seoltaí | Foirgnimh | Dáileachtaí cadastracha | Dáileachtaí tagartha | Dáileachtaí talmhaíochta |
|----------------------------|--|------------------------|---------|---|---|--|--|
| Gráinneacht | Gach leibhéal ginearálaithe atá ar fáil agus lena mbaineann gráinneacht suas leis an scála 1:5 000. Ó bhordais chuig tíortha; aonaid mhuirí. | N/B | N/B | Gach leibhéal ginearálaithe atá ar fáil agus lena mbaineann gráinneacht suas leis an scála 1:5 000. | Gach leibhéal ginearálaithe atá ar fáil agus lena mbaineann gráinneacht suas leis an scála 1:5 000. | Leibhéal cruinnis atá ar a laghad coibhéseach le leibhéal cruinnis cartagrafaíochta ar scála 1:10 000 agus, ó 2016, ar scála 1:5 000, dá dtagraítear in Airteagal 70(1) de Rialachán (AE) 1306/2013. | Leibhéal cruinnis atá ar a laghad coibhéseach le leibhéal cruinnis cartagrafaíochta ar scála 1:10 000 agus, ó 2016, ar scála 1:5 000, dá dtagraítear in Airteagal 70(1) de Rialachán (AE) 1306/2013. |
| Cumhdach geografach | Tacair sonraí aonair nó iolracha lena gcumhdófar an Ballstát ina iomláine nuair a dhéantar iad a chomhcheangal. | | | | | | |

⁽¹⁾ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187)

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013, (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1)

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta agus cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin maidir le coinníollacht agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta

⁽⁵⁾ Taifeach spásúil mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn Cuid B Roinn 6.2 de Rialachán (CE) Uimh. 1205/2008 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meiteashonraí (IO L 326, 4.12.2008, lch. 12).

| Tacair sonraí | Aonaid riaracháin | Ainmneacha geografacha | Seoltaí | Foirgnimh | Dáileachtaí cadastracha | Dáileachtaí tagartha | Dáileachtaí talmhaíochta |
|----------------------------|---|--|---|---|--|---|--|
| Príomh-shaintréithe | Aitheantóir uathúil; An cineál aonaid (aonad riaracháin nó muirí); Geoiméadracht ⁽⁶⁾ ; Stádas teorann; Cód céannachta náisiúnta; Cód céannachta an leibhéil riaracháin uachtaraigh; Ainm oifigiúil; Cód tíre; Ainm i dteangacha iomadúla (le haghaidh tíortha ag a bhfuil níos mó ná teanga oifigiúil amháin agus iad siúd amháin) lena n-áirítear teanga ag a bhfuil carachtair Laidineacha, nuair is indéanta. | Aitheantóir uathúil; Geoiméadracht; Ainm i dteangacha iomadúla (le haghaidh tíortha ag a bhfuil níos mó ná teanga oifigiúil amháin agus iad siúd amháin) lena n-áirítear teanga ag a bhfuil carachtair Laidineacha, nuair is indéanta; Cineál. | Aitheantóir uathúil; Geoiméadracht; Aimsitheoir seolta (e.g. uimhir an tí); Mórbealach (sráid); ainm; Aonaid riaracháin (e.g. bardas, cúige, tír; Tuairisceoir poist (e.g. cód poist); Dáta an nuashonraithe is déanaí. | Aitheantóir uathúil; Geoiméadracht (lorg an fhoirgnimh); An líon urlár; An cineál úsáide. | Aitheantóir uathúil; Geoiméadracht (teorainn dáileachtaí cadastracha nó bun-aonad maoinne ⁽⁷⁾); Cód na dáileachta nó an bhun-aonaid maoinne; Tagairt don aonad riaracháin ar an leibhéal riaracháin is ísle lena mbaineann an dáileacht nó an bun-aonad maoinne. | Aitheantóir uathúil; Geoiméadracht (teorainn agus achar); Cumhdach talún ⁽⁸⁾ ; orgánach ⁽⁹⁾ ; Eilimintí tírdhreacha cobhsaí ⁽¹⁰⁾ (“sraith-EFA”); limistéir ina bhfuil srianta nádúrtha/sonracha. | Aitheantóir uathúil; Geoiméadracht (teorainn agus achar gach dáileachta talmhaíochta); Úsáidí talún (barra nó grúpaí barr); Orgánach; Eilimint tírdhreacha aonair; Féarthalamh buan. |

1.2. Socruithe maidir leis an bhfoilsíú agus leis an athúsáid

a) Cuirfear na tacair sonraí ar fáil lena n-athúsáid:

- faoi na coinníollacha maidir leis an gceadúnas Creative Commons BY 4.0 nó le haon cheadúnas oscailte coibhéseach nó nach bhfuil chomh sriantach sin;
- i bhformáid mheaisín-inléite oscailte atá doiciméadaithe go poiblí agus a aithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;
- trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár (“APIInna”) ⁽¹¹⁾ agus oll-íoslódáil;
- ina leagan is cothroime le dáta.

⁽⁶⁾ San Iarscríbhinn seo, le geoiméadracht tagraítear do dhá thoise ar a laghad.

⁽⁷⁾ Cuirfidh na Ballstáit bun-aonaid mhaoine ar fáil i gcás nach dtugtar tagairtí cadastracha uathúla ach le haghaidh bun-aonaid mhaoine seachas dáileachtaí.

⁽⁸⁾ An limistéar talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

⁽⁹⁾ Lena gcuirtear eolas ar fáil maidir le cé acu a bhainistítear nó nach mbainistítear an dáileacht faoi chleachtais orgánacha.

⁽¹⁰⁾ Dá ndéantar tagairt mar ‘sraith na Limistéar ina nDirítear ar an Éiceolaíocht (EFA)’ sa Chóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talmhaíochta (LPIS) (Airteagal 70 de Rialachán (AE) 1306/2013).

⁽¹¹⁾ Amhail seirbhísí íoslódála rochtana díri bunaithe ar Threoir 2007/2/CE.

- b) Sna meiteashonraí ar a dtugtar tuairisc ar na tacair sonraí faoi raon feidhme na dtéamaí sonraí INSPIRE beidh na heilimintí meiteashonraí ar a laghad a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1205/2008 ón gCoimisiún ⁽¹²⁾.
- c) Chun tacair sonraí na nDáileachtaí tagartha agus na nDáileachtaí talmhaíochta a chur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit san áireamh cur chun feidhme leanúnach Threoir 2007/2/CE chomh maith leis an oibleagáid dá bhforáiltear le hAirteagal 67(3) agus 67(5) de Rialachán (AE) 2021/2116.

2. FAIRE NA CRUINNE AGUS AN COMHSHAOL

2.1. Tacair sonraí atá faoin raon feidhme

Leis na catagóirí um fhaire na cruinne agus um an gcomhshaol áirítear faire na cruinne, lena n-áirítear sonraí spásbhunaithe nó cianbhraite, chomh maith le sonraí talambhunaithe nó *in situ*, tacair sonraí chomhshaoil agus aeráide faoi raon feidhme na dtéamaí sonraí INSPIRE a liostaítear sa chéad tábla thíos agus a shainmhínítear in Iarscríbhinní I-III a ghabhann le Treoir 2007/2/CE, agus tacair sonraí a tháirgtear nó a ghintear i gcomhthéacs na ngníomhartha dlí a liostaítear sa dara tábla thíos. Na tacair sonraí is cothroime le dáta chomh maith le leaganacha stairiúla de thacair sonraí atá ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite ar na leibhéil ghinearálaithe uile atá ar fáil suas leis an scála 1:5 000 agus lena gcumhdaítear an Ballstát ina iomláine nuair a chomhcheanglaítear iad, áirítear iad. Más rud é nach bhfuil tacair sonraí ar fáil ar an scála sin, ach go bhfuil siad ar fáil ag taifeach spásúil nó taifigh spásúla níos airde ⁽¹³⁾, soláthrófar iad ag an taifeach spásúil atá ar fáil.

Thairis sin, rud atá i gcomhréir leis na córais rochtana ábhartha mar a shainmhínítear i dTreoir 2003/4/CE agus gan difear a dhéanamh dóibh sin, leis an gcatagóir théamach um fhaire na cruinne agus um an gcomhshaol áirítear an “faisnéis chomhshaoil” uile, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾, agus an fhaisnéis chomhshaoil a liostaítear i dTreoir 2003/4/CE, Airteagal 7 “Scaipeadh faisnéise comhshaoil”.

TÉAMAÍ SONRAÍ INSPIRE (mar a shainmhínítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2007/2/CE)

Hidreagrafaíocht (I)

Láithreáin chosanta (I)

Airde (II)

Geolaíocht (II)

Cumhdach talún (II)

Ortai-íomhánna (II)

Bainistíocht limistéar / srianadh / criosanna rialála & aonaid tuairiscithe (III)

⁽¹²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1205/2008 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meiteashonraí (IO L 326, 4.12.2008, lch. 12).

⁽¹³⁾ Taifeach spásúil mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn Cuid B Roinn 6.2 de Rialachán (CE) Uimh. 1205/2008 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meiteashonraí (IO L 326, 4.12.2008, lch. 12).

⁽¹⁴⁾ Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

TÉAMAÍ SONRAÍ INSPIRE (mar a shainmhínítear sna hlarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2007/2/CE)

Réigiúin bhithgeografacha (III)

Acmhainní Fuinnimh (III)

Saoráidí faireacháin comhshaoil (III)

Gnáthóga agus bitóip (III)

Úsáid talún (III)

Acmhainní mianracha (III)

Criosanna riosca nádúrtha (III)

Gnéithe aigéaneolaíochta geografacha (III)

Saoráidí táirgthe agus tionscail (III)

Réigiúin na mara (III)

Ithir (III)

Dáileadh speiceas (III)

| AN RÉIMSE COMHSHAOIL | Gníomhartha dlí lena leagtar síos na príomh-athróga |
|----------------------|--|
| Aer | Airteagail 6-14 de Threoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾ , Airteagal 7 de Threoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾ |
| An aeráid | Airteagail 18(1), 19, 26(2), 39(3) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾ , Airteagal 26 de Rialachán (CE) 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾ |

⁽¹⁵⁾ Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

⁽¹⁶⁾ Treoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha íltimthriallacha san aer comhthimpeallach (IO L 23, 26.1.2005, lch. 3).

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

⁽¹⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 1).

| | |
|--|--|
| Astaíochtaí | <p>Airteagail 24, 32, 55, 72 de Threoir 2010/75/AE,</p> <p>Airteagal 21 de Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾,</p> <p>Airteagal 10 de Threoir 91/676/CEE ón gComhairle ⁽²⁰⁾,</p> <p>Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾,</p> <p>Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²²⁾,</p> <p>Airteagal 10 de Threoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾</p> |
| Cosaint an dúlra agus an bhithéagsúlacht | <p>Airteagail 4, 9, 12 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁴⁾,</p> <p>Airteagail 4, 6, 16, 17 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ⁽²⁵⁾,</p> <p>Airteagal 24 de Rialachán (AE) 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁶⁾,</p> <p>Sonraí le haghaidh fhardal na limistéar faoi chosaint a ainmnítear go náisiúnta – (CDDA), réigiúin bhithgheografacha náisiúnta</p> |
| Torann | <p>Airteagail 4, 5, 7, 10 de Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁷⁾</p> |

⁽¹⁹⁾ Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórtimpiste lena bhfuil baint ag substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1).

⁽²⁰⁾ Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

⁽²¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

⁽²²⁾ Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1).

⁽²³⁾ Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

⁽²⁴⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

⁽²⁵⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

⁽²⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

⁽²⁷⁾ Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).

| | |
|----------|--|
| Dramhaíl | <p>Airteagal 15 de Threoir 1999/31/CE ón gComhairle ⁽²⁸⁾,</p> <p>Airteagal 18 de Threoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁹⁾,</p> <p>Airteagal 10 de Threoir 86/278/CEE ón gComhairle ⁽³⁰⁾,</p> <p>Airteagail 15-17 de Threoir 91/271/CEE ón gComhairle ⁽³¹⁾,</p> <p>Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/1021/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾,</p> <p>Airteagal 15 de Mholadh 2014/70/AE ón gCoimisiún ⁽³³⁾</p> |
| Uisce | <p>Airteagail 15-17 de Threoir 91/271/CEE,</p> <p>Airteagal 13 de Threoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁴⁾,</p> <p>Airteagail 5, 8, 11, 13, 15 de Threoir 2000/60/EC,</p> <p>Airteagail 3-6 de Threoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁵⁾,</p> <p>Airteagal 5 de Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁶⁾,</p> <p>Airteagail 17, 18 de Threoir 2020/2184/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁷⁾,</p> <p>Airteagail 3-8, 10 de Threoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁸⁾,</p> <p>Airteagail 6-11, 13, 14, 17-19, 26, 27 de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁹⁾</p> |

⁽²⁸⁾ Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).

⁽²⁹⁾ Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (IO L 102, 11.4.2006, lch. 15).

⁽³⁰⁾ Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, agus sloda séarachais á úsáid sa talmhaíocht (IO L 181, 4.7.1986, lch. 6).

⁽³¹⁾ Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

⁽³²⁾ Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailléain orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

⁽³³⁾ Moladh ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2014 maidir le prionsabail íosta le haghaidh taiscéaladh agus táirgeadh hidreacarbón (amhail gás scealla) ag úsáid scoilteadh hidrálach ardtoirte (IO L 39, 8.2.2014, lch. 72).

⁽³⁴⁾ Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena n-aisghairtear Treoir 76/160/CEE (IO L 64, 4.3.2006, lch. 37).

⁽³⁵⁾ Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

⁽³⁶⁾ Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

⁽³⁷⁾ Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

⁽³⁸⁾ Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

⁽³⁹⁾ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

| | |
|----------------------------|---|
| Reachtaíocht chothrománach | Airteagail 15, 18 de Threoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁰⁾ , Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴¹⁾ |
|----------------------------|---|

2.2. Socruithe maidir leis an bhfoilsíú agus leis an athúsáid

a) Cuirfear na tacair sonraí ar fáil lena n-athúsáid:

- faoi na coinníollacha maidir leis an gceadúnas Creative Commons BY 4.0 nó le haon cheadúnas oscailte coibhéseach nó nach bhfuil chomh sriantach sin;
- i bhformáid mheaisín-inléite oscailte atá doiciméadaithe go poiblí agus a aithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;
- trí APIInna ⁽⁴²⁾ agus oll-íoslódáil (le haghaidh leaganacha stairiúla de thacair sonraí: APIInna no oll-íoslódáil, a mhéid is féidir agus is iomchuí).

b) Sna meiteashonraí ar a dtugtar tuairisc ar na sonraí faoi raon feidhme na dtéamaí sonraí INSPIRE beidh na heilimintí meiteashonraí ar a laghad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1205/2008.

c) Tabharfar tuairisc ar na tacair sonraí i ndoiciméadacht iomlán a bheidh ar fáil go poiblí ar líne lena dtabharfar tuairisc ar struchtúr na sonraí agus ar an tséimeantaic ar a laghad.

d) Leis na tacair sonraí úsáidfear foclóiríní rialaithe agus tacsanomaíochtaí a aithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta agus atá doiciméadaithe go poiblí, i gcás ina mbeidh fáil orthu.

3. MEITÉAREOLAÍOCH

3.1. Tacair sonraí atá faoin raon feidhme

Leis an gcatagóir théamach mheitéareolaíoch áirítear tacair sonraí maidir le sonraí breathnóireachtaí arna dtomhas ag stáisiúin aimsire, breathnóireachtaí bailíochtaithe (sonraí aeráide), foláirimh aimsire, sonraí radair agus sonraí eiseamláireacha tuair uimhriúil aimsire (NWP) agus an ghráinneacht agus na príomh-shaintréithe a liostaítear sa tábla thíos.

| Tacair sonraí | Sonraí breathnóireachtaí arna dtomhas ag stáisiúin aimsire | Sonraí aeráide: breathnóireachtaí bailíochtaithe | Foláirimh aimsire | Sonraí radair | Sonraí eiseamláireacha NWP |
|----------------------------|--|--|---|--|--|
| Gráinneacht | In aghaidh an stáisiúin aimsire, taifeach ama iomlán | In aghaidh an stáisiúin aimsire, taifeach ama iomlán | Foláirimh, 48 n-uair an chloig nó níos mó chun cinn | In aghaidh an stáisiúin radair sa Bhallstát agus an chomhábhair náisiúnta | 48 n-uair an chloig ar a laghad chun cinn i gcéimeanna uair an chloig, náisiúnta, ag 2,5 km in aghaidh na heangaí is fearr dá bhfuil ar fáil |
| Príomh-shaintréithe | Na hathróga breathnóireachta uile a tomhaiseadh | Na hathróga breathnóireachta bailíochtaithe uile a tomhaiseadh; an meán laethúil in aghaidh na hathróige | | Fritchaiteacht, cúlscaipeadh, polarú. Deascadh, gaoth agus macallaí uachtair | Córas cinnteachaíoch agus/nó cnuasaigh más infhaighte, le haghaidh paraiméadair agus leibhéil atá ábhartha go meitéareolaíoch |

⁽⁴⁰⁾ Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lch. 56).

⁽⁴¹⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

⁽⁴²⁾ Amhail seirbhísí íoslódála rochtana díri bunaithe ar Threoir 2007/2/CE.

3.2. Socruithe maidir leis an bhfoilsíú agus leis an athúsáid

- a) Cuirfear na tacair sonraí ar fáil lena n-athúsáid:
- faoi na coinníollacha maidir leis an gceadúnas Creative Commons BY 4.0 nó le haon cheadúnas oscailte coibhéiseach nó nach bhfuil chomh sriantach sin;
 - in aon cheann de na formáidí a shonraítear sa tábla thíos nó i bhformáid mheaisín-inléite oscailte eile a aithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;
 - trí APIInna agus oll-íoslódáil ach amháin i gcás an tacair sonraí “sonraí eiseamláireacha NWP” nach gcuirfear ar fáil ach trí APIInna;
 - de bhun mhinicíocht agus thráthúlacht an nuashonraithe a shonraítear sa tábla thíos.
- b) Na meiteashonraí ar a dtugtar tuairisc ar an tacar sonraí, beidh siad iomlán agus beidh siad le fáil ar an idirlíon i bhformáid mheaisín-inléite atá oscailte agus a úsáidtear go forleathan.
- c) Tabharfar tuairisc ar na tacair sonraí i ndoiciméadacht iomlán a bheidh ar fáil go poiblí ar líne lena dtabharfar tuairisc ar struchtúr na sonraí agus ar an tséimeantaic ar a laghad ⁽⁴³⁾.

| Tacair sonraí | Sonraí breathnóireachtaí arna dtomhas ag na stáisiúin aimsire | Sonraí aeráide: breathnóireachtaí bailíochtaithe | Foláirimh aimsire | Sonraí radair | Sonraí eiseamláireacha NWP |
|---|---|--|---------------------------------------|---|---|
| Formáid | BUFR, NetCDF, ASCII, CSV, JSON | NetCDF, JSON, CSV | XML (Cap nó RSS / Atom), JSON | HDF5, BUFR | GRIB (nó NetCDF) |
| Minicíocht agus tráthúlacht an nuashonraithe | Gach 5-10 nóiméad i bhfíor-am le haghaidh stáisiúin uathoibrithe, gach uair an chloig neamhbhailíochtaithe le haghaidh na stáisiúin uile, le haghaidh na 24 uair dheireanacha an chloig | Bailíochtaithe gach uair an chloig go laethúil (agus taifeach ama níos fearr) agus meánsónraí breathnóireachtaí laethúla; na sonraí stairiúla digitithe uile | Mar a eisítear nó gach uair an chloig | Gar d'fhíor-am in eatraimh 5 nóiméad (nó san eatramh is giorra dá bhfuil ar fáil) | Gach 6 uair an chloig, nó taifeach ama níos fearr, ó na 24 uair dheireanacha an chloig. |

4. STAIDREAMH

4.1. Tacair sonraí atá faoin raon feidhme

Leis an gcatagóir théamach staidrimh áirítear tacair sonraí staidrimh seachas micreashonraí a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe mar a shainmhínítear sna gníomhartha dlí a liostaítear sa tábla thíos.

Chun na tagairtí dlí ábhartha sna gníomhartha dlí a shainaithint ar bhealach iomlán, le haghaidh cuid de na tacair sonraí is gá tagairt a dhéanamh do choincheapa ó roinnt forálacha agus larscríbhinní, mar a chuirtear i láthair thíos i dTáblaí 1-18. Le haghaidh na dtacar sonraí sin, tá feidhm ag na sainmhínithe ó na gníomhartha dlí dá dtagraítear sa tábla thíos. Tá na gníomhartha dlí infheidhme freisin i gcás ina léirítear amhlaidh sna fonótaí a ghabhann le Táblaí 1-18.

Tosóidh an amshraith tráth nach déanaí ná dáta chur i bhfeidhm an ghnímh dlí faoi seach a liostaítear sa tábla thíos.

⁽⁴³⁾ Mar shampla, le Socraíocht Sonraí INSPIRE maidir le Dálaí Atmaisféir agus Gnéithe Geografacha Meitéareolaíocha (https://inspire.ec.europa.eu/documents/Data_Specifications/INSPIRE_DataSpecification_AC-MF_v2.0.pdf) soláthraítear cuir chuige agus úsáidtear cásanna chun ionadaíocht a dhéanamh do na tacair sonraí mheitéareolaíocha agus chun iad a dhoiciméadú.

| | |
|---|--|
| Tacair sonraí | Gníomhartha dlí lena leagtar síos príomh-athróga na dtacar sonraí faoin raon feidhme agus a miondealuithe |
| Táirgeadh tionsclaíoch | Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁴⁾ Tábla 26 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún ⁽⁴⁵⁾ |
| Miondealuithe innéacs praghsanna an táirgeora thionsclaíoch de réir gníomhaíochta | Tábla 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 |
| An méid díolachán de réir gníomhaíochta | Tábla 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 |
| Staidreamh maidir le trádáil idirnáisiúnta de chuid an Aontais in earraí – onnmhairí agus allmhairí miondealuithe arna ndéanamh go comhuaineach de réir an chomhpháirtí, an táirge agus na sreibhe | Rialachán (AE) 2019/2152 |
| Sreabha turasóireachta san Eoraip (féach Táblaí 1 agus 2 thíos le haghaidh athróga faoi raon feidhme) | Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁶⁾ |
| | Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1681 ón gCoimisiún ⁽⁴⁷⁾ |
| Innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí | Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁸⁾ |
| Cuntais náisiúnta – príomh-chomhiomlán OTI (féach Táblaí 6-7 thíos le haghaidh athróga faoi raon feidhme) | Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁹⁾ , go háirithe Iarscríbhinn B |
| Cuntais náisiúnta – príomhtháscairí maidir le corparáidí (féach Tábla 8 thíos le haghaidh athróga faoi raon feidhme) | Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, go háirithe Iarscríbhinn B |
| Cuntais náisiúnta – príomhtháscairí maidir le teaghlaigh (féach Tábla 9 thíos le haghaidh athróga faoi raon feidhme) | Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, go háirithe Iarscríbhinn B |

⁽⁴⁴⁾ Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

⁽⁴⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2020 lena leagtar síos sonraíochtaí agus socruithe teicniúla de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 271, 18.8.2020, lch. 1).

⁽⁴⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht agus lena n-aisghairtear Treoir 95/57/CE ón gComhairle (IO L 192, 22.7.2011, lch. 17).

⁽⁴⁷⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1681 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht, a mhéid a bhaineann le sprioc-amanna tarchurtha agus le hIarscríbhinní I agus II a oiriúnú (IO L 258, 9.10.2019, lch. 1).

⁽⁴⁸⁾ Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle (IO L 135, 24.5.2016, lch. 11).

⁽⁴⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

| | |
|--|--|
| Caiteachas agus ioncam rialtais (féach Tábla 10 thíos le haghaidh athróa faoi raon feidhme) | Rialachán (AE) Uimh. 549/2013, go háirithe Iarscríbhinn B |
| Oifhriachas rialtais comhdhlúite (féach Táblaí 11 agus 12 thíos le haghaidh athróa faoi raon feidhme) | Caibidil I de Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle ⁽⁵⁰⁾ |
| | Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 |
| Cuntais agus staidreamh comhshaoil | Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵¹⁾ Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵²⁾ |
| Daonra, Torthúlacht, Mortlaíocht | Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵³⁾ |
| | Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 205/2014 ón gCoimisiún ⁽⁵⁴⁾ |
| | Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁵⁾ |
| | Rialachán (AE) Uimh. 351/2010 ón gCoimisiún ⁽⁵⁶⁾ |
| | Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 |
| | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 205/2014 |
| | Rialachán (AE) Uimh. 2020/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁷⁾ |
| Daonra (féach Tábla 3 thíos le haghaidh athróa faoi raon feidhme) | Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 |
| | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 205/2014 |
| | Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 |
| | Rialachán (AE) Uimh. 351/2010 |

⁽⁵⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (leagan códaíthe) (IO L 145, 10.6.2009, lch. 1).

⁽⁵¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le Cuntais Eorpacha Eacnamaíocha Chomhshaoil (IO L 192, 22.7.2011, lch. 1).

⁽⁵²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola (IO L 332, 9.12.2002, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunaítear an liosta de dhaoine aonair atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar shaineolaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Glactar na rialacha nós imeachta don phainéal saineolaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

An liosta de dhaoine aonair agus na rialacha nós imeachta don phainéal saineolaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo i gcomhréir le mír 2 agus fomhír 4(d) d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin, beidh siad bailí ó dháta glactha an Chinnidh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann an Choiste um Thrádáil agus
um Fhorbairt Inbhuanaithe
An Cathaoirleach*

IARSCRÍBHINN 1

LIOSTA NA SAINEOLAITHE DÁ dTAGRAÍTEAR I bhFOMHÍR 4(d) d'AIRTEAGAL 16.18 DEN
CHAOMHAONTÚ COMPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE IDIR AN tAONTAS AGUS AN tSEAPÁIN

Foliosta don Aontas Eorpach

1. Jorge CARDONA
2. Karin LUKAS
3. Laurence BOISSON DE CHAZOURNES
4. Geert VAN CALSTER

Foliosta don tSeapáin

1. AGO Shin-ichi
2. TAKAMURA Yukari
3. TAMADA Dai
4. YAGI Nobuyuki

Foliosta de dhaoine aonair nach náisiúnaithe de cheachtar den dá Pháirtí iad agus a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal

1. Armand DE MESTRAL (Ceanada)
 2. Jennifer A. HILLMAN (na Stáit Aontaithe)
 3. Arthur Edmond APPLETON (na Stáit Aontaithe)
 4. Nathalie BERNASCONI (an Eilvéis)
-

IARSCRÍBHINN 2

RIALACHA NÓS IMEACHTA AN PHAINÉIL SAINEOLAITHE

Maidir le nósanna imeachta an phainéil saineolaithe faoi Chaibidil 16 (Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin, tá feidhm ag na rialacha seo a leanas:

I. Sainmhíneithe

1. Sna Rialacha Nós Imeachta seo:

- (a) ciallaíonn ‘foireann riaracháin’, i leith saineolaí, daoine faoi stiúradh agus rialú an tsaineolaí, seachas cúntóirí;
- (b) ciallaíonn ‘comhairleoir’ duine atá fostaithe ag Páirtí chun comhairle a chur ar an bPáirtí sin nó chun cúnaimh a thabhairt don Pháirtí sin i dtaca le nós imeachta an phainéil, seachas ionadaithe an Pháirtí sin;
- (c) ciallaíonn ‘Comhaontú’ an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin;
- (d) ciallaíonn ‘cúntóir’ duine a dhéanann, faoi théarmaí ceapacháin saineolaí, taighde don saineolaí sin nó a thugann cúnaimh don saineolaí sin;
- (e) ciallaíonn ‘Cód Iompair’ an Cód Iompair le haghaidh Eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 21.30 den Chomhaontú agus a glacadh le Cinneadh Uimh. 1/2019 an 10 Aibreán 2019 ó Choiste Comhpháirteach an Chomhaontaithe;
- (f) ciallaíonn ‘Coiste’ an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bunaíodh de bhun Airteagal 22.3 den Chomhaontú;
- (g) ciallaíonn ‘laethanta’ laethanta féilire;
- (h) ciallaíonn ‘saineolaí’ comhalta de phainéal;
- (i) ciallaíonn ‘painéal’ painéal saineolaithe a thionóltar de bhun mhír 1 d’Airteagal 16.18 den Chomhaontú;
- (j) ciallaíonn ‘imeachtaí’ imeachtaí an phainéil;
- (k) ciallaíonn ‘ionadaí’, i ndáil le Páirtí, feidhmeannach nó aon duine eile de chuid roinne nó gníomhaireachta rialtais nó aon eintiteas poiblí eile de chuid Páirtí agus baill foirne eile, a ainmníonn an Páirtí mar ionadaí dó chun críoch imeachtaí an phainéil;
- (l) ciallaíonn ‘Páirtí iarrthach’ an Páirtí a iarrann painéal a thionól de bhun mhír 1 d’Airteagal 16.18 den Chomhaontú; agus
- (m) ciallaíonn ‘Páirtí is freagróir’ an Páirtí a fhaigheann iarraidh ón bPáirtí iarrthach go dtionólfai painéal saineolaithe de bhun mhír 1 d’Airteagal 16.18 den Chomhaontú.

II. Saineolaithe a cheapadh

2. Beidh comhchathaoirleach Pháirtí iarrthach an Choiste freagrach as an gcrannchur dá dtagraítear i bhfomhír 4(c) d’Airteagal 16.18 den Chomhaontú a eagrú, agus déanfaidh sé dáta, am agus ionad an chrannchuir a chur in iúl go pras don chomhchathaoirleach ón bPáirtí is freagróir. Féadfaidh an comhchathaoirleach ón bPáirtí is freagróir a bheith i láthair nó féadfaidh duine eile ionadaíocht a dhéanamh air tráth a bheidh crannchur á dhéanamh. Féadfaidh ionadaithe de chuid an dá Pháirtí a bheith i láthair freisin. In aon chás, déanfar an crannchur leis an bPáirtí nó na Páirtithe a bheidh i láthair.
3. Cuirfidh na Páirtithe gach duine aonair a cheapfar chun feidhmiú mar shaineolaí de bhun Airteagal 16.18 den Chomhaontú ar an eolas i scríbhinn faoina cheapadh. Dearbhóidh gach duine don dá Pháirtí an bhfuil sé ar fáil laistigh de chúig lá ón dáta a cuireadh in iúl dó gur cheapadh é.

III. Cód Iompair

4. Beidh feidhm ag an gCód Iompair, *mutatis mutandis*, maidir leis na saineolaithe a fheidhmeoidh ar an bPainéal Saineolaithe.

IV. Cruinniú eagrúcháin

5. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tiocfaidh na Páirtithe agus an painéal le chéile laistigh de sheacht lá ó dháta bunaithe an phainéil chun na saincheisteanna a mheasann na páirtithe nó an painéal a bheith iomchuí a shocrú, saincheisteanna lena náirítear:

- (a) an luach saothair agus an speansas atá le híoc leis na saineolaithe, a bheidh i gcomhréir le caighdeán agus critéir EDT;
- (b) na costais le haghaidh aon chúntóir nó aon bhall foirne riaracháin a chinnfeadh saineolaí earcú, agus ní rachaidh méid iomlán an luacha saothair a íocfar le cúntóir nó ball foirne riaracháin gach saineolaí thar 50% de luach saothair an tsaineolaí, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt; agus
- (c) an tráthchlár le haghaidh na nimeachtaí a bhunófar bunaithe ar chrios ama an Pháirtí is freagróir.

Ní fhéadfaidh ach saineolaithe agus ionadaithe na bPáirtithe ar oifigigh nó daoine eile de chuid roinne nó gníomhaireachta rialtais nó aon eintitis phoiblí eile páirt a ghlacadh sa chruinniú sin, cibé duine le duine nó ar an bhfón nó i bhfíschomhdháil.

V. Fógraí

6. Maidir le haon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile:
- (a) a tharchuirfidh an painéal, cuirfear chuig an dá Pháirtí é an tráth céanna;
- (b) a tharchuirfidh Páirtí, déanfar é a chóipeáil chuig an bPáirtí eile an tráth céanna; agus
- (c) a tharchuirfidh Páirtí chuig Páirtí eile, déanfar é a chóipeáil chuig an bpainéal an tráth céanna, de réir mar is iomchuí.
7. Déanfar aon fhógra dá dtagraítear faoi mhír 6 a sheoladh le ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, le haon mhodh teileachumarsáide eile lena ndéantar taifead gur seoladh an fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar go bhfuarthas an fógra sin a dháta a sheolta.
8. Mionearráidí de chineál cléireachais in iarraidh, i bhfógra, in aighneacht i scríbhinn nó i ndoiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh ina léireofar na hathruithe go soiléir.
9. Más rud é gur lá saoire dlíthiúil de chuid na Seapáine nó an Aontais Eorpaigh nó aon lá eile ar a mbíonn oifigí Rialtas Páirtí dúnta go hoifigiúil nó trí *force majeure* an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, measfar an doiciméad a bheith faighte ar an gcéad lá oibre eile. Ag an gcruinniú eagrúcháin dá dtagraítear i mír 5, cuirfidh gach Páirtí isteach liosta dá laethanta saoire dlíthiúla agus aon laethanta eile ar a mbíonn a chuid oifigí dúnta go hoifigiúil. Coinneoidh gach Páirtí a liosta cothrom le dáta le linn an nós imeachta painéil.

VI. Teachtaireachtaí i scríbhinn

10. Cuirfidh an Páirtí iarrthach a aighneacht i scríbhinn isteach 20 lá ar a dhéanaí tar éis dháta bunaithe an phainéil. Cuirfidh an Páirtí is freagróir a fhrithaighneacht i scríbhinn isteach 20 lá ar a dhéanaí tar éis an dáta a fuarthas aighneacht i scríbhinn anPháirtí iarrthaigh.

VII. Iarrataí ar fhaisnéis agus ar chomhairle

11. I gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú, ba cheart don phainéal faisnéis agus comhairle a lorg ó na heagraíochtaí nó na comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha maidir le cúrsaí a bhaineann le hionstraimí an Eagraíochta Oibreachais Idirnáisiúnta nó comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, de réir mar a mheasann sé a bheith iomchuí.

12. Sula lorgóidh an painéal faisnéis agus comhairle ó na heintitis dá dtagraítear i mír 11, tabharfaidh sé deis do na Páirtithe barúil a thabhairt ar liosta na n-eintiteas agus ar na hiarrataí a dhíreofar chucu.
13. Cuirfidh an painéal aon fhaisnéis a gheobhaidh sé de bhun mhír 11 isteach chuig na Páirtithe, agus beidh deis acu barúil a thabhairt faoin bhfaisnéis sin.

VIII. Oibriú an phainéil

14. Is é cathaoirleach an phainéil a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh painéal an t-údarás chun cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.
15. Mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagal 16.18 den Chomhaontú nó sna Rialacha Nós Imeachta sin, féadfaidh an painéal a chuid gníomhaíochtaí a sheoladh le haon mhodh, lena náirítear an teileafón, tarchur facs nó naisc ríomhaireachta.
16. I gcás ina dtiocfaidh ceist nós imeachta aníos nach gcumhdaítear le hAirteagal 16.18 den Chomhaontú nó leis na Rialacha Nós Imeachta seo nó leis na gCód Iompair, féadfaidh an painéal, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá ag teacht leis na forálacha sin.
17. Féadfaidh an painéal aon tréimhse ama seachas na tréimhse ama a leagtar amach in Airteagal 16.18 den Chomhaontú a mhodhnú agus aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin eile sna himeachtaí a dhéanamh tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe. Nuair a rachaidh an painéal i gcomhairle leis na Páirtithe, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn faoin modhnú nó choigeartú atá beartaithe agus faoin gcúis atá leis.

IX. Éisteachtaí

18. Ar bhonn na féilire a leagfar amach i gcomhréir le mír 5 agus tar éis do chathaoirleach an phainéil dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na saineolaithe eile, cinnfidh sé dáta, am agus láthair na héisteachta.
19. Mura mbeidh a mhalairt de chomhaontú déanta ag na Páirtithe, déanfar an láthair a mhalartú idir na Páirtithe, agus is sa Pháirtí is freagróir a bheidh an chéad éisteacht ar siúl. Mura mbeidh a mhalairt de chomhaontú déanta ag na Páirtithe, déanfaidh an Páirtí ina mbeidh an éisteacht ar siúl an méid seo a leanas:
 - (a) láthair na héisteachta a chinneadh agus cathaoirleach an phainéil a chur ar an eolas faoi; agus
 - (b) a bheith i gceannas as riarachán lóistíochta na héisteachta.
20. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, agus gan dochar do mhír 49, comhroinnfidh na Páirtithe na costais a dhíorthóidh ó riarachán lóistíochta na héisteachta.
21. Tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, in am trátha, faoi dháta, am agus láthair na héisteachta. Cuirfidh an Páirtí ina mbeidh an éisteacht ar siúl an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, ach amháin i gcás ina mbeidh an éisteacht dúnta don phobal.
22. . Mar riail ghinearálta níor cheart ach aon éisteacht amháin a bheith ann. Má bhaineann an díospóid le saincheisteanna atá thar a bheith casta, féadfaidh an painéal éisteachtaí breise a thionól ar a thionscnamh féin nó, arna iarraidh sin do cheachtar den dá Pháirtí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe. I gcás gach ceann de na héisteachtaí breise, beidh feidhm ag míreanna 18 go 21 *mutatis mutandis*.
23. Beidh aon éisteacht de chuid an phainéil oscailte don phobal mura mbeidh a mhalairt de chomhaontú déanta ag na Páirtithe nó má bhíonn faisnéis rúnda in aighneachtaí agus in argóintí an Pháirtí. Níor cheart don phobal aon taifead fuaimne nó físe a dhéanamh ar an éisteacht. Is faoi rún a bheidh na héisteachtaí a reáchtálfar i seisiún dúnta i gcomhréir le mír 39.
24. Beidh na saineolaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

25. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, bíodh an éisteacht ar oscailt don phobal nó ná bíodh:
- (a) ionadaithe na bPáirtithe;
 - (b) comhairleoirí;
 - (c) cúntóirí agus foireann riaracháin;
 - (d) ateangairí, aistritheoirí agus tuairisceoirí cúirte an phainéil; agus
 - (e) ionadaithe ó na heagraíochtaí nó na comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, arna gcinneadh ag na bpainéal de bhun mhír 3 d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú.
26. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha na nionadaithe agus na gcomhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.
27. Déanfaidh an painéal an éisteacht mar seo a leanas, agus áiritheoidh sé go dtabharfar am combhionann don Pháirtí is déantóir gearáin agus don Pháirtí iarrthach ó thaobh argóinte agus frisnéise araon:
- An argóint
- (a) argóint an Pháirtí iarrthaigh; agus
 - (b) argóint an Pháirtí is freagróir.
- An Argóint Frisnéise
- (a) freagra an Pháirtí iarrthaigh; agus
 - (b) frithfhreagra an Pháirtí is freagróir.
28. Féadfaidh an painéal ceisteanna a dhíriú ar cheachtar den dá Pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta.
29. Déanfaidh an painéal socrú ionas go ndéanfar tras-scríbhinn na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaite is féidir tar éis na héisteachta. Féadfaidh na Páirtithe barúil a thabhairt faoin tras-scríbhinn agus féadfaidh an painéal na barúlacha sin a bhreithniú.
30. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a sheachadadh maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta.
- X. Pléití
31. Ní fhéadfaidh ach na saineolaithe páirt a ghlacadh i bpléití an phainéil.
- XI. Ceisteanna i scríbhinn
32. Féadfaidh an painéal, tráth ar bith le linn na nimeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí. Déanfar aon cheist a chuirfear faoi bhráid Páirtí amháin a chóipeáil chuig an bPáirtí eile.
33. Cuirfidh gach páirtí cóip dá fhreagra ar fáil don Pháirtí eile ar na ceisteanna a chuir an painéal faoina bhráid. Beidh deis ag Páirtí barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le freagra an Pháirtí eile laistigh de chúig lá tar éis an chóip sin a fháil.
- XII. Ionadú na saineolaithe
34. Má tharraingíonn aon cheann de shaineolaithe an phainéil bhunaigh siar nó más rud é nach mbíonn sé in ann páirt a ghlacadh, nó más gá saineolaí eile a chur ina ionad in imeachtaí an phainéil de bhun Airteagal 16.18 den Chomhaontú, beidh feidhm ag mír 4 d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú *mutatis mutandis*.
35. I gcás ina measfaidh Páirtí nach gcomhlíonann saineolaí ceanglais an Chóid Iompair agus ar an gcúis sin gur cheart é a ionadú, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile laistigh de 15 lá tar éis an ama a fuair sé fianaise leordhóthanach faoi neamh-chomhlíonadh ceanglais an Chóid Iompair.

36. I gcás ina measfaidh Páirtí nach gcomhlíonann saineolaí seachas an cathaoirleach ceanglais an Chóid Iompair, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile agus, más rud é go gcomhaontaíonn siad amhlaidh, roghnóidh siad saineolaí nua i gcomhréir le mír 34.

Mura néireoidh leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá an saineolaí a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfean an cheist sin faoi bhráid chathaoirleach an phainéil agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an chathaoirligh.

Má chineann an cathaoirleach, de bhun na hiarrata sin, nach gcomhlíonann an saineolaí ceanglais an Chóid Iompair, roghnófar saineolaí nua i gcomhréir le mír 34.

37. I gcás ina measfaidh Páirtí nach gcomhlíonann cathaoirleach an phainéil ceanglais an Chóid Iompair, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile agus, más rud é go gcomhaontaíonn siad amhlaidh, roghnóidh siad cathaoirleach nua i gcomhréir le mír 34.

Mura néireoidh leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfean an cheist faoi bhráid an dá shaineolaí atá fágtha. Cinnfidh na saineolaithe, tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata, an bhfuil gá le cathaoirleach an phainéil a ionadú. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh na saineolaithe maidir leis an ngá atá leis an gcathaoirleach a ionadú.

Má chinneann na saineolaithe nach gcomhlíonann an cathaoirleach ceanglais an Chóid Iompair, roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le mír 34.

38. Cuirfean na himeachtaí ar fionraí le linn na tréimhse a thógfaidh sé na nósanna imeachta dá bhforáiltear i míreanna 34 go 37 a chur i grích.

XIII. Rúndacht

39. Is mar fhaisnéis rúnda a dhéileálfadh an painéal agus na Páirtithe le haon fhaisnéis a chuirfidh Páirtí faoi bhráid an phainéil agus a bheidh ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bPáirtí sin. I gcás ina gcuirfidh Páirtí leagan rúnda dá aighneachtaí i scríbhinn faoi bhráid an phainéil, cuirfidh sé leagan neamhrúnda de na haighneachtaí a d'fhéadfaí a nochtadh don phobal ar fáil, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, laistigh de 20 lá ó dháta na hiarrata. Ní chuireann na Rialacha Nós Imeachta sin aon bhac ar Pháirtí a aighneachtaí féin a nochtadh don phobal ar choinníoll nach nochtfaidh sé aon fhaisnéis ar ainmnigh an Páirtí sin gur faisnéis rúnda í. Is i seisiún dúnta a thiocfaidh an painéal le chéile má bhíonn faisnéis rúnda in aighneachtaí agus in argóintí an pháirtí. I gcás ina dtionólfar éisteacht an phainéil i seisiún dúnta, coinneoidh an painéal agus na Páirtithe rúndacht na héisteachta sin.

XIV. Teagmhálacha *ex parte*

40. Ní thiocfaidh an painéal le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le haon Pháirtí gan an Páirtí eile a bheith i láthair.
41. Ní phléifidh saineolaí aon ghné d'ábhar na nimeachtaí le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na saineolaithe eile a bheith i láthair.

XV. Aighneachtaí *amicus curiae*

42. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 3 lá ó dháta bunaithe an phainéil, féadfaidh an painéal aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó aon daoine nádúrtha de chuid Páirtí, nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i bPáirtí, atá neamhspleách ar Rialtais na bPáirtithe, ar choinníoll go bhfaighfean na haighneachtaí laistigh de 10 lá ón dáta a bhunaítear an painéal.

43. Beidh na haighneachtaí beacht agus ní bheidh siad níos faide ná 15 leathanach ar spás dúbailte in aon chás, agus beidh siad ábhartha go díreach do shaincheist fhíorasach nó dhlíthiúil atá á breithniú ag an bpainéal. Beidh tuairisc sna haighneachtaí ar an duine a chuirfidh na haighneachtaí ar fáil, lena náireofar an méid seo a leanas:

(a) i gcás duine nádúrtha, a náisiúntacht; agus

(b) i gcás duine dlítheanach, áit a bhunaithe, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta agus a fhoinsé maoinithe.

Sonróidh aon duine ina aighneachtaí an leas atá aige sna himeachtaí. Beidh na haighneachtaí scríofa sna teangacha a roghnaigh na páirtithe, i gcomhréir le míreanna 45 agus 46 de na Rialacha Nós Imeachta seo.

44. Liostóidh an painéal ina thuarascáil na haighneachtaí go léir a fuair sé de bhun mhíreanna 42 agus 43. Níl sé d'oibleagáid ar an bpainéal dul i ngleic leis na hargóintí arna ndéanamh in aighneachtaí den sórt sin sa tuarascáil uaidh. Cuirfear na haighneachtaí sin ar fáil do na páirtithe chun a mbarúlacha ina leith a fháil. Barúlacha na bPáirtithe a cuireadh faoi bhráid an phainéil laistigh de 30 lá, cuirfidh an painéal san áireamh iad.

XVI. Teanga agus aistriúchán

45. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 16.17 den Chomhaontú, agus tráth nach déanaí ná am an chruinnithe eagrúcháin dá dtagraítear i mír 5, féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile, tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis don Choiste na Rialacha Nós Imeachta seo a ghlacadh i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú, faoi liosta teangacha dá rogha. Áireofar ar a laghad aon teanga oibre amháin de chuid EDT ar an liosta.
46. Mura n'éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, cuirfidh gach Páirtí a aighneachtaí i scríbhinn isteach ina rogha teanga, agus ag an am céanna cuirfidh sé aistriúchán ar fáil i gceann de theangacha oibre EDT ar thug an Páirtí eile fógra ina leith i gcomhréir le mír 45, i gcás inarb iomchuí. Is é an Páirtí a bheidh freagrach as an éisteacht ó bhéal a eagrú a dhéanfaidh an socrú chun go ndéanfar ateangaireacht ar na haighneachtaí ó bhéal chuig teanga chéanna oibre EDT, i gcás inarb iomchuí.
47. Is sa teanga oibre choiteann a eiseofar tuarascáil eatramhach agus chríochnaitheach an phainéil. Mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na Páirtithe faoi theanga oibre choiteann, eiseofar tuarascáil eatramhach agus chríochnaitheach i dteangacha oibre EDT dá dtagraítear i mír 46.
48. Féadfaidh Páirtí barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas an aistriúcháin ar aon leagan aistrithe de dhoiciméad a tarraingíodh suas i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta seo.
49. I gcás inar gá aistriúchán nó ateangaireacht i dteanga oibre ábhartha EDT a dhéanamh ar aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal de chuid Páirtí, seasfaidh an Páirtí na costais a bhaineann leis sin.

XVII. Tuarascáil an Phainéil

50. Cuirfidh an painéal tuarascáil eatramhach agus chríochnaitheach i láthair do na Páirtithe i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 16.18 den Chomhaontú. Cuirfear an tuarascáil chríochnaitheach ar fáil go poiblí. Níor cheart don phainéal a thuarascáil a nochtadh roimh í a fhoilsiú do na Páirtithe.

XVIII. Athbhreithniú

51. Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a athbhreithniú le comhaontú idir na Páirtithe.

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

**CINNEADH Uimh. 1/2022 Ó CHOISTE UM IOMPAR INTÍRE AN CHOMHPHOBAIL/NA HEILVÉISE
an 21 Nollaig 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus
Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, agus
Cinneadh Uimh. 2/2019 ón gCoiste [2023/143]**

TÁ AN COISTE,

ag féachaint do Chomhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar ⁽¹⁾ (“an Comhaontú”), agus go háirithe Airteagal 52, mír 4 de,

de bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 51, mír 2 den Chomhaontú, déanann Coiste um Iompar Intíre an Chomhphobail/na hEilvéise (“an Comhchoiste”) faireachán ar fhorálacha an Chomhaontaithe agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad agus cuirfidh sé chun feidhme na clásail oiriúnaithe agus athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 52 agus 55 de.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 52, mír 4 den Chomhaontú, glacfaidh an Comhchoiste, i measc nithe eile, na cinní lena ndéanfar Iarscríbhinn 1 a athbhreithniú chun athruithe sa reachtaíocht lena mbaineann a ionchorprú, de réir mar is gá agus ar bhonn cómhálartachta, nó cinnfidh sé aon bheart eile a bheidh dírithe ar fheidhmiú cuí an Chomhaontaithe a chosaint.
- (3) Le Cinneadh Uimh. 2/2019 an 13 Nollaig 2019 ⁽²⁾, rinne an Comhchoiste athbhreithniú, ar thaobh amháin, ar Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú chun forálacha substainteacha Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ a ionchorprú agus, ar an taobh eile, ghlac sé forálacha idirthréimhseacha chun trácht iarnróid rianúil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a choinneáil ar bun. Bhí feidhm ag forálacha idirthréimhseacha Airteagail 2, 3, 4 agus 5 de Chinneadh Uimh. 2/2019 ar dtús go dtí an 31 Nollaig 2020. Le Cinneadh Uimh. 2/2020 an 11 Nollaig 2020 ⁽⁵⁾, chuir an Comhchoiste síneadh leis na forálacha idirthréimhseacha go dtí an 31 Nollaig 2021. Le Cinneadh Uimh. 2/2021, cuireadh síneadh leis na forálacha idirthréimhseacha go dtí an 31 Nollaig 2022 ⁽⁶⁾.

⁽¹⁾ IO L 114, 30.4.2002, lch. 91.

⁽²⁾ Cinneadh Uimh. 2/2019 ó Choiste um Iompar Intíre an Chomhphobail/na hEilvéise an 13 Nollaig 2019 maidir le bearta idirthréimhseacha chun trácht iarnróid rianúil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a choinneáil ar bun (IO L 13, 17.1.2020, lch. 43).

⁽³⁾ Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).

⁽⁵⁾ Cinneadh Uimh. 2/2020 ó Choiste um Iompar Intíre an Chomhphobail/na hEilvéise an 11 Nollaig 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus Cinneadh Uimh. 2/2019 ón gCoiste maidir le bearta sealadacha chun trácht iarnróid rianúil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a choinneáil ar bun (IO L 15, 18.1.2021, lch. 34).

⁽⁶⁾ Cinneadh Uimh. 2/2021 ó Choiste um Iompar Intíre an Chomhphobail/na hEilvéise an 17 Nollaig 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2019 maidir le bearta sealadacha chun trácht iarnróid rianúil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a choinneáil ar bun (IO L 46, 25.2.2022, lch. 125).

- (4) Le Cinneadh Uimh. 2/2021 an 17 Nollaig 2021, cuireadh siar go dtí an 31 Nollaig 2022 an dáta faoinar cheart athbhreithniú a bheith déanta ar rialacha áirithe náisiúnta de chuid na hEilvéise a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú chun iad a bhaint, a leasú nó a choinneáil, ar rialacha iad a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht. Ag féachaint don dul chun cinn atá déanta san obair sin go dtí seo, ba cheart an dáta sin a shocrú don 31 Nollaig 2023 i gcás na rialacha náisiúnta nach ndearnadh athbhreithniú orthu fós.
- (5) Go dtí go nglacfar na forálacha críochnaitheacha a chuirfear in ionad na socruithe idirthréimhseacha atá ann faoi láthair, is gá síneadh a chur le forálacha Airteagail 2, 3, 4 agus 5 de Chinneadh Uimh. 2/2019 go dtí an 31 Nollaig 2023 chun trácht iarnróid rianúil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach a choinneáil ar bun.
- (6) Le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 ⁽⁷⁾ síntear na rialacha aonfhoirmeacha atá i gComhaontú Eorpach an 30 Meán Fómhair 1957 maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), sa Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), agus sa Chomhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN), chun an t-iompar náisiúnta a chumhdach. Le hAirteagal 6(2) agus (3) de Threoir 2008/68/CE ceadaítear do na Ballstáit maoluithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le ADR agus RID a iarraidh le haghaidh iompar cainníochtaí beaga d'earraí contúirteacha ar a gcríoch nó le haghaidh iompar áitiúil. Tá liosta de mhaoluithe den chineál sin suite ag an Eilvéis. Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú iad. Rinneadh na maoluithe sin a athnuachan ag deireadh 2016 agus rachaidh siad in éag an 1 Eanáir 2023. An 29 Meán Fómhair 2022 d'iarr an Eilvéis go ndéanfaí iad a athnuachan athuair. Le hAirteagal 6(4) de Threoir 2008/68/CE ceadaítear síneadh nach faide a thréimhse ná 6 bliana a chur leis na maoluithe sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis na maoluithe sin go dtí an 1 Eanáir 2029. Is gá freisin tagairtí náisiúnta na maoluithe sin a leasaíodh ó rinneadh an athnuachan dheireanach a cheartú in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú,

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

1. Leasaítear Roinn 4 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú mar a leanas:

- (1) An dáta “31 Nollaig 2022”, eadhon an dáta faoinar cheart athbhreithniú a bheith déanta ar chomhréireacht na rialacha náisiúnta a leanas de chuid na hEilvéise le sonraíochtaí teicniúla comhfhreagracha an Aontais maidir le hidir-inoibritheacht, cuirtear “31 Nollaig 2023” ina ionad i gcás na bhforálacha seo a leanas:
- (a) Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras “rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí” chóras iarnróid an Aontais Eorpach ⁽⁸⁾:
- CH-TSI LOC&PAS-009 (leagan 1.0 Meitheamh 2015),
 - CH-TSI LOC&PAS-019 (leagan 2.0 Meitheamh 2019),
 - CH-TSI LOC&PAS-020 (leagan 2.0 Meitheamh 2019),
 - CH-TSI LOC&PAS-025 (leagan 2.0 Meitheamh 2019),
 - CH-TSI LOC&PAS-027 (leagan 2.0 Meitheamh 2019),
 - CH-TSI LOC&PAS-031 (leagan 2.1 Samhain 2020),
 - CH-TSI LOC&PAS-035 (leagan 2.1 Samhain 2020),
 - CH-TSI LOC&PAS-036 (leagan 2.0 Meitheamh 2019).
- (b) Maidir le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais “rialú agus ceannas agus comharthaíocht” an chórais iarnróid san Aontas Eorpach ⁽⁹⁾:
- CH-TSI CCS-006 (leagan 2.1 Samhain 2020),
 - CH-TSI CCS-019 (leagan 3.0 Samhain 2020),

⁽⁷⁾ IO L 260, 30.9.2008, lch. 13.

⁽⁸⁾ IO L 356, 12.12.2014, lch. 228.

⁽⁹⁾ IO L 158, 15.6.2016, lch. 1.

- CH-TSI CCS-026 (leagan 2.1 Samhain 2020),
- CH-TSI CCS-032 (leagan 2.1 Samhain 2020),
- CH-TSI CCS-033 (leagan 1.1 Samhain 2020),
- CH-TSI CCS-038 (leagan 1.1 Samhain 2020),
- CH-CSM-RA-001 (leagan 1.0 Meitheamh 2019);

(2) Scriostar na tagairtí do rialacha náisiúnta seo na hEilvéise mar a leanas:

(a) Maidir le rialacha náisiúnta na hEilvéise a bhaineann le Rialachán Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún, scriostar an riail seo a leanas:

“— CH-TSI LOC&PAS-037: (leagan 1.0 Meitheamh 2019): Príomhchoscán ETCS (riail a d’fhéadfadh a bheith ar neamhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 agus atá le hathbheithniú roimh an 31 Nollaig 2021).”.

(b) Maidir le rialacha náisiúnta na hEilvéise a bhaineann le Rialachán Uimh. 2016/919 ón gCoimisiún, scriostar na rialacha seo a leanas:

“— CH-TSI CCS-035 (leagan 1.0 Meitheamh 2019): Téacsanna atá le taispeáint ar DMI (riail a d’fhéadfadh a bheith ar neamhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/919 agus atá le hathbheithniú roimh an 31 Nollaig 2022);”

agus

“— CH-CSM-RA-002 (leagan 1.0 Meitheamh 2019): Ceanglais maidir le luasanna os cionn 200 km/h (riail a d’fhéadfadh a bheith ar neamhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/919 agus atá le hathbheithniú roimh an 31 Nollaig 2022).”.

2. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn in ionad théacs Roinn 3 “Caighdeáin theicniúla”, an chuid dar teideal “*Iompar earraí contúirteacha*” d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha.

Airteagal 2

Leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2019 ón gComhchoiste an 13 Nollaig 2019 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6, mír 3:

“3. In Iarscríbhinn 1, sainaithnítear na rialacha náisiúnta agus cásanna sonracha is infheidhme a d’fhéadfadh a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais. Mura mbeidh an chomhréireacht le dlí an Aontais socraithe faoin 31 Nollaig 2023, ní fhéadfar na rialacha náisiúnta sin ná cásanna sonracha a chur i bhfeidhm a thuilleadh mura gcinnfidh an Comhchoiste a mhalairt.”;

(2) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

“Beidh feidhm ag Airteagail 2, 3, 4 agus 5 go dtí an 31 Nollaig 2023.”.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i mBeirn, an 21 Nollaig 2022.

Thar cheann Chónaidhm na hEilvéise
An tUachtarán
Peter FÜGLISTALER

Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Ceann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh
Kristian SCHMIDT

IARSCRÍBHINN

“Iompar earraí contúirteacha”

- Treoir (AE) 2022/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar (códú; IO L 274, 24.10.2022, lch. 1.)
- Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13), arna leasú go deireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1095 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 (IO L 176, 1.7.2022, lch. 33).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag na maoluithe seo a leanas ar Threoir 2008/68/CE san Eilvéis:

1. *Iompar de bhóthar*

Maoluithe le haghaidh na hEilvéise, arna mbunú ar Airteagal 6(2)(a) de Threoir 2008/68/CE maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha

RO-a-CH-1

Ábhar: iompar breosla díosail agus ola théimh faoi uimhir NA 1202 i gcoimeádáin umar láithreáin oibre.

An tagairt i Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointí 1.1.3.6 agus 6.8.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: díolúintí a bhaineann leis na cainníochtaí a iompraítear in aghaidh an aonaid iompair, ceanglais maidir le tógáil umar.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: coimeádáin umar láithreáin oibre a thógtar de réir na reachtaíochta náisiúnta seachas de réir fhorálacha phointe 6.8 agus ar lú a dtoilleadh ná 1210 l nó arb ionann a dtoilleadh agus 1210 l agus a úsáidtear chun ola théimh nó breosla díosail faoi uimhir NA 1202 a iompar, féadfar leas a bhaint as na díolúintí i bpointe 1.1.3.6 ADR ina leith.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: pointí 1.6.14.4, 4.8 agus 6.14 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an reacht an 29 Samhain 2002 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (SDR; RS 741.621).

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

RO-a-CH-2

Ábhar: Díolúine ón gceanglas doiciméad iompair a iompar le haghaidh cainníochtaí áirithe d'earraí contúirteacha mar a shainítear faoi phointe 1.1.3.6.

An tagairt i Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointí 1.1.3.6 agus 5.4.1.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: Oibleagáid doiciméad iompair a shealbhú.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: I gcás iompar pacáistíochta foilmhe neamhghlanta de chatagóir iompair 4, ach amháin Uimh. NA 3509 agus sorcóirí gáis líonta nó folmha le haghaidh gairis anáilithe de chuid na seirbhísí éigeandála agus le haghaidh gairis tumadóireachta, nach sáraíonn na teorainneacha a shocraítear i bpointe 1.1.3.6, níl an t-iompar sin faoi réir na hoibleagáide maidir le doiciméad iompair dá bhforáiltear i bpointe 5.4.1.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: pointí 8.1.2.1 (a) d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an reacht an 29 Samhain 2002 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (SDR; RS 741.621).

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

RO-a-CH-3

Ábhar: iompar umar folamh neamhghlanta agus iad á n-iompar ag gnólachtaí seirbhísithe na saoráidí stórála le haghaidh leachtanna a d'fhéadfadh uisce a thruailliú.

An tagairt i Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointí 6.5, 6.8, 8.2 agus 9.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: tógáil, feistiú agus iniúchadh na n-umar agus na bhfeithiclí, oiliúint na dtiománaithe.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: I gcás na bhfeithiclí agus na n-umar/na gcoimeádán a iompraítear agus iad folamh neamhghlanta, agus iad á n-úsáid ag gnólachtaí seirbhísithe na saoráidí stórála le haghaidh leachtanna a d'fhéadfadh uisce a thruailliú chun leachtanna a stóráil le linn oibríochtaí seirbhísithe ar umair dho-aistrithe, níl siad faoi réir fhorálacha ADR maidir le tógáil, feistiú agus iniúchadh, lipéadú, ná comharthaíocht oráiste. Tá siad faoi réir ceanglais shonracha maidir le lipéadú agus comharthaíocht, agus níl tiománaí na feithicle faoi réir na gceanglas oiliúna dá bhforáiltear le pointe 8.2.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: pointí 1.1.3.6.6 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an reacht an 29 Samhain 2002 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (SDR; RS 741.621).

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

Maoluithe le haghaidh na hEilvéise, arna mbunú ar Airteagal 6(2)(b)(i) de Threoir 2008/68/CE.

RO-bi-CH-1

Ábhar: iompar dramhaíola tí ina bhfuil earraí contúirteacha ionsar shaoráidí diúscartha.

An tagairt i Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointí 2, 4.1.10, 5.2 agus 5.4.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: aicmiú, pacáistiú comhcheangailte, marcáil agus lipéadú, doiciméadacht.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: déantar foráil sna rialacha maidir le haicmiú simplithe dramhaíola tí ina bhfuil earraí contúirteacha (dramhaíl tí), aicmiú atá le déanamh ag saineolaí atá aitheanta ag an údarás inniúil, maidir le húsáid coimeádán bailithe iomchuí, agus maidir le hoiliúint na dtiománaithe. An dramhaíl tí nach féidir leis an saineolaí í a aicmiú, féadfar í a iompar go dtí an lárionad cóireála i gcainníochtaí beaga agus iad sainaitheanta de réir pacáiste agus de réir aonad iompair.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: pointí 1.1.3.11 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an reacht an 29 Samhain 2002 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (SDR; RS 741.621).

Nóta: Ní fhéadfar na rialacha seo a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le hiompar dramhaíola tí ina bhfuil earraí contúirteacha idir láithreáin phoiblí chóireála agus saoráidí diúscartha.

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

RO-bi-CH-2

Ábhar: cur ar ais tinte ealaíne.

An tagairt i Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointí 2.1.2, 5.4.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: aicmiú agus doiciméadacht.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: chun iompar na dtinte ealaíne d'uimhreacha NA 0335, 0336 agus 0337 a éascú agus trádálaithe miondíola á gcur ar ais chuig a gcuid soláthróirí, foráiltear maoluithe maidir leis an nglanmhais agus aicmiú na n-earraí a chur in iúl sa doiciméad iompair.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: pointí 1.1.3.12 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an reacht an 29 Samhain 2002 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (SDR; RS 741.621).

Nóta: Sa chleachtas, ní bhíonn trádálaithe miondíola in inmhe an méid cruinn earraí neamhdhíolta de gach cineál agus faoi gach ceannteideal a fhíorú go mion le haghaidh gach pacáiste.

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

RO-bi-CH-3

Ábhar: teastas oiliúna ADR le haghaidh turais aistrithe feithiclí briste síos, le haghaidh turais a dhéantar chun críche deisiúcháin, le haghaidh turais chun scrúdú a dhéanamh ar thancaeir agus le haghaidh turais a dhéanann saineolaithe a bhfuil sé de chúram orthu scrúdú a dhéanamh ar thancaeir leis an bhfeithicil atá i gceist.

An tagairt i Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointe 8.2.1.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: Ní mór do na tiománaithe freastal ar chúrsaí oiliúna.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: turais aistrithe feithiclí briste síos agus turais trialacha a bhaineann le deisiúchán, turais a dhéantar le tancaer chun scrúdú a dhéanamh ar an bhfeithicil nó ar a humar, agus turais a dhéanann saineolaithe a bhfuil sé de chúram orthu scrúdú a dhéanamh ar thancaer, údaraítear iad gan cúrsa oiliúna ADR agus gan teastas oiliúna ADR.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: pointí 8.2.1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an reacht an 29 Samhain 2002 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (SDR; RS 741.621).

Nóta: Tarlaíonn sé go mbíonn earraí contúirteacha fós i bhfeithiclí briste síos nó i bhfeithiclí atá á ndeisiú agus i dtancaer atá á n-ullmhú don chigireacht theicniúil nó a iniúchtar le linn na cigireachta teicniúla.

Tá na ceanglais i bpointí 1.3 agus 8.2.3 infheidhme fós.

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

2. *Iompar d'iarnród*

Maoluithe le haghaidh na hEilvéise, arna mbunú ar Airteagal 6(2)(a) de Threoir 2008/68/CE:

RA-a-CH-1

Ábhar: iompar breosla díosail faoi uimhir NA 1202 i gcoimeádáin umar láithreáin oibre.

An tagairt i Roinn II.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointe 6.8.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: ceanglais maidir le tógáil na n-umar.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: coimeádáin umar láithreáin oibre a thógtar de réir na reachtaíochta náisiúnta seachas de réir fhorálacha phointe 6.8, údaraítear iad chun breosla díosail faoi uimhir NA 1202 a iompar.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: Iarscríbhinn 2.1 a gabhann leis an reacht an 31 Deireadh Fómhair 2012 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'iarnród agus de shuiteálacha cábla-bhealaigh (RSD; RS 742.412) agus caibidlí 1.6, 4.8 agus 6.14 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an reacht an 29 Samhain 2002 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar (SDR; RS 741.621).

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

RA-a-CH-2

Ábhar: Doiciméad iompair.

An tagairt i Roinn II.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir thuasluaite: pointe 5.4.1.1.1.

Inneachar na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Treoir: Faisnéis ghinearálta is gá a bheith sa doiciméad iompair.

Inneachar na reachtaíochta náisiúnta: féadfar téarma coiteann a úsáid sa doiciméad iompair má bhíonn liosta ina bhfuil an fhaisnéis dá bhforáiltear de réir na tagartha thuasluaite ag gabháil leis an doiciméad sin.

Tagairt bhunaidh sa reachtaíocht náisiúnta: Iarscríbhinn 2.1 a gabhann leis an reacht an 31 Deireadh Fómhair 2012 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'iarnród agus de shuiteálacha cábla-bhealaigh (RSD; RS 742.412).

Dáta éaga: an 1 Eanáir 2029.

- Treoir 2010/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2010 maidir le brú-threalamh iniompartha agus lena n-aisghairtear Treoracha 76/767/CEE, 84/525/CEE, 84/526/CEE, 84/527/CEE agus 1999/36/CE ón gComhairle (IO L 165, 30.6.2010, lch. 1). ”
-

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)